Coimisiún Thithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas Commission

# TREOIRLÍNTE MAIDIR LEIS AN LÁNSCOR

# FAISNÉIS DO CHOMHALTAÍ FAOINÁR GCUID NÓSANNA IMEACHTA LE LINN THRÉIMHSE AN LÁNSCOIR

**SEIRBHÍS THITHE AN OIREACHTAIS**

**NOLLAIG, 2015**

*Ní míniú dlíthiúil é an doiciméad seo*

**Chun gach Comhalta:**

# Treoirlínte maidir leis an Lánscor

**[*arna n-uasdátú i mí na Nollag, 2015*]**

Tugtar liúntais agus saoráidí éagsúla do Chomhaltaí de chuid Thithe an Oireachtais faoin *na hAchtanna um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) 1938 go 1998*, faoin *Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte 2009* agus faoi *na hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 go 2015*. Sna Treoirlínte seo, leagtar amach tiomantas Sheirbhís Thithe an Oireachtais (an tSeirbhís) maidir lena chinntiú go bhfaighidh tú na seirbhísí a mbeidh tú i dteideal iad a fháil tar éis an 31ú Dáil a lánscor agus, chomh maith leis sin, leagtar amach na muirir nach mór, de réir an dlí, iad a ghearradh i leith cuid de na seirbhísí sin. Mar áis tagartha, tá na Treoirlínte seo leagtha amach mar a leanas:


| | | Leathanach |
|---|---|---|
| **Roinn A** | Tuarastail agus Liúntais | 2 |
| **Roinn B** | Saoráidí Ginearálta | 7 |
| **Roinn C** | Saoráidí TFC | 9 |
| **Roinn D** | Foireann na Parlaiminte agus Foireann Rúnaíochta | 15 |
| **Roinn E** | An tSeirbhís Leabharlainne agus Taighde (SLagusT) | 18 |
| **Roinn F** | Treoirlínte agus muirir i ndáil le húsáid seirbhísí agus saoráidí tar éis lánscor Dháil Éireann | 19 |
| **Roinn G** | Treoirlínte maidir le Cóiríocht a thabhairt do Chomhaltaí | 24 |
| **Roinn H** | Teagmhálacha Foirne | 26 |
| **Aguisín** | Foirm Dearbhaithe | 27 |


Má tá aon cheisteanna agat i ndáil leis na nithe a ndéileáiltear leo sna Treoirlínte seo, déan teagmháil, le do thoil, leis na hoifigigh iomchuí atá liostaithe i Roinn H (leathanach 26) agus beifear sásta cabhrú leat.

Tá na Treoirlínte seo ar fáil i nGaeilge ach sin a iarraidh.

Peter Finnegan
Comh-Ardrúnaí Gníomhach
4 Nollaig 2015

Michael Errity
Comh-Ardrúnaí Gníomhach
4 Nollaig 2015

# ROINN A

# Tuarastail agus Liúntais

**Cuideoidh Codanna A, B agus C de na Treoirlínte seo le Comhaltaí eolas a bheith acu i dtaobh a dtarlóidh do sheirbhísí, a sholáthraíonn Seirbhís Thithe an Oireachtais, ar lánscor do Dháil Eireann.**

## A.1 Tuarastail

Scoirfear de thuarastail Teachtaí Dála agus, chomh maith leis sin, d'íocaíocht i ndáil le poist áirithe, e.g. Liúntas Cathaoirligh, a íoc ó dháta an lánscoir. Déanfar íocaíocht atá comhionann leis an ochtú cuid déag de thuarastal bliantúil an TD a íoc le gach TD ar leith i leith na tréimhse idir dáta an lánscoir agus dáta an Olltoghcháin. Tá an íocaíocht sin inphinsin agus inchánach agus tagann sí faoi réir na dtobhach cuí go léir.

Leanfaidh an Roinn lena mbaineann den tuarastal Aireachta a íoc le hAirí agus le hAirí Stáit ar fud thréimhse an lánscoir. Leantar den íocaíocht go dtí go gceaptar comharba an Taoisigh (a bhí i mbun na hoifige sin ar dháta an lánscoir)

Maidir leis an gCeann Comhairle agus leis an Leas-Cheann Comhairle, leantar den Liúntas Tuarastail Sealbhóra Oifige a íoc leo ar fud thréimhse an lánscoir agus suas go dtí an tráth a gceaptar a gcomharba, mura rud é go ndéanann sé/sí fógra a thabhairt do Dháil Éireann roimh an lanscoir á rá nach mian leis/léi teacht chun bheith ina chomhalta/comhalta de Dháil Éireann san Olltoghchán tar éis an lánscoir sin.

## A.2 Liúntais

## An Liúntas Caighdeánach Parlaiminte (LCP)

Tá dhá eilimint ann sa Liúntas Caighdeánach Parlaiminte (LCP) mar a leanas: an Liúntas Taistil agus Cóiríochta (LTC) agus an Liúntas Ionadaíochta Poiblí (LIP). Déantar an LTC agus an LIP araon a íoc ar bhonn míosúil.

Déantar an LTC a fhíorú de réir an taifid faoi fhreastal an TD ar Theach Laighean.

Déantar an LIP a fhíorú de réir caiteachas deimhnithe. Ní íocfar an LIP ach amháin i gcás gur féidir leis an TD a thaispeáint gur úsáideadh na cistí chun na gcríoch atá leagtha amach sna *Rialacháin um an Oireachtas (Liúntais agus Saoráidí) 2010*.

Scoirfear den LCP a íoc i gcás Teachtaí Dála ar an dáta a ndéantar Dáil Éireann a lánscor. Féadfar leanúint den LCP a íoc leis an gCeann Comhairle. Féadfar leanúint den LTC a íoc leis an Leas-Cheann Comhairle. Mar is gnách, beidh clárú freastail ag teastáil ina leith sin.

Déanfar aon íocaíochtaí gan íoc a íoc go huathoibríoch le Teachtaí Dála suas go dtí dáta an lánscoir. *Déanfar Foirm an Deimhnithe Dheireadh Bliana ar Chaiteachas agus ráiteas faoi fhreastal suas go dtí dáta an lánscoir a eisiúint chuig gach TD.* Beidh ar Theachtaí Dála an fhoirm a chomhlánú chun caiteachas a dheimhniú agus beidh air/uirthi léiriú a thabhairt i dtaobh an bhfuil aon aisíocaíocht iníoctha leis an tSeirbhís laistigh de dhá mhí ó dháta an lánscoir.

Beidh LTC le haisíoc ag Comhalta i gcás nach mbeifear tar éis an ceanglas maidir le freastal a chomhlíonadh. Tá gá le freastal 120 lá agus déanfar sin a ríomh ar bhonn *pro rata* ó thosach na bliana (an 1 Eanáir) go dtí dáta an lánscoir, Ní cheadaítear freastal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile.

Beidh LIP le haisíoc i gcás gur lú caiteachas an TD ná an LIP a fuair an TD agus ní mór an t-iarmhéid a aisíoc laistigh de dhá mhí féilire ó dháta an lánscoir.

Leid na Treoirlínte maidir le hIniúchadh, agus leis an reachtaíocht a bhfuil na treoirlínte sin bunaithe, ceanglaítear go ndéanfar na taifid go léir a bhaineann le caiteachas sna catagóirí éagsúla den liúntas deimhnithe a choimeád suas go dtí dáta an lánscoir, agus an dáta sin san áireamh, agus bíonn na taifid sin faoi réir a n-iniúchta ar feadh tréimhse suas go cúig bliana. Cuirfear tús le hiniúchadh íocaíochtaí na bliana 2015 le linn an dara ráithe den bhliain 2016.

## An Liúntas Rúnaíochta agus Fostaithe Sealadacha Deimhnithe (FSD)

Tá Teachtaí Dála i dteideal ráta *pro-rata* an Liúntais Rúnaíochta a tharraingt anuas i leith na tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí dáta an lánscoir, ar choinníoll gur tabhaíodh an caiteachas roimh dháta an lánscoir.

Ní mór do Chomhaltaí a bhfuil daoine foirne fostaithe acu ar chonarthaí sealadacha faoin scéim FSD fógra a thabhairt do na daoine sin á rá go bhfoirceannfar a bhfostaíocht le héifeacht ó dháta an lánscoir. Soláthróidh an tSeirbhís mionsonraí do Chomhaltaí faoi aon teidlíochtaí reachtúla a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir le daoine foirne atá ar fostú faoin scéim FSD.

Is ceart gach sonrasc i leith scéim an Liúntais Rúnaíochta a chur faoi bhráid an tSiopa Ilfheidhme laistigh de 6 seachtaine ó dháta an lánscoir le gur féidir an reachtaíocht maidir le híoc pras a chomhlíonadh.

## Costais Taistil agus Liúntais Tiománaí

Tá TD i dteideal costais taistil a fháil i ndáil le turas amháin ó Theach Laighean chuig a dháilcheantar/dáilcheantar nó chuig a áit/háit chónaithe tar éis lánscor Dháil Éireann, má dhéantar an turas sin laistigh de thrí lá ó dháta an lánscoir.[1] Chun an liúntas sin a éileamh, is ceart do Chomhaltaí foirm a chuirfear chucu a chomhlánú.

Leanann an Ceann Comhairle agus an Leas-Cheann Comhairle dá dtiománaithe a choimeád ar fud thréimhse an lánscoir. Leantar de thiománaithe sibhialtacha a íoc ar fud thréimhse an lánscoir.

Ní mór aon Éilimh maidir le Taisteal agus Cothú Coigríche a bhaineann le taisteal Coiste nó Idirpharlaiminteach agus nár cuireadh isteach fós a thíolacadh a luaithe is féidir tríd an gCléireach iomchuí le go bhféadfaidh an tAonad Taistil iad a phróiseáil.

## Liúntais Teileafóin

Déanfar aon íocaíochtaí gan íoc atá dlite i ndáil le liúntais teileafóin a íoc go huathoibríoch le Teachtaí Dála suas go dtí dáta an lánscoir.

---

[1] *An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) 1938*, atá ar fáil ag: http://www.irishstatutebook.ie/1938/en/act/pub/0034/index.html

***Déan teagmháil le Paula Cowan, an Siopa Ilfheidhme [SLF] TEIL: 6184684/6184804/6183729/6184678***

## A.3. Íocaíochtaí Foirceanta agus Pinsin

Beidh íocaíochtaí foirceanta agus pinsin iníoctha le hiar-Theachtaí Dála, ach sin faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe.

### Íocaíochtaí Foirceanta

Tá íocaíochtaí foirceanta iníoctha, ach iad a iarraidh, díreach tar éis comhaltas Thithe an Oireachtais teacht chun deiridh tar éis an lá vótaíochta. Cuimsíonn siad Cnapshuim Foirceanta atá comhionann le tuairim is tuarastal dhá mhí (lena n-áirítear tuarastal ar bhonn seirbhíse, liúntais a sealbhaíodh thar an tréimhse seirbhíse leanúnaí) agus sraith íocaíochtaí foirceanta míosúla, suas go 12 íocaíocht ar a mhéad. Sa tábla thíos, leagtar amach sceideal na n-íocaíochtaí foirceanta, agus iad bunaithe ar sheirbhís:

| Sceideal na n-íocaíochtaí foirceanta | |
|---|---|
| ***Seirbhís - Blianta*** | ***Íocaíochtaí míosúla*** |
| 3 | 1 @ 75% |
| 4 | 2 @ 75% |
| 5 | 3 @ 75% |
| 6 | 4 @ 75% |
| 7 | 5 @ 75% |
| 8 | 6 @ 75% |
| 9 | 6 @ 75% + 1 @ 50% |
| 10 | 6 @ 75% + 2 @ 50% |
| 11 | 6 @ 75% + 3 @ 50% |
| 12 | 6 @ 75% + 4 @ 50% |
| 13 | 6 @ 75% + 5 @ 50% |
| 14 + | 6 @ 75% + 6 @ 50% |

Tagann íocaíochtaí foirceanta faoi réir cánach, ÁSPC agus aon tobhach reatha amhail an Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU). Ní thagann na híocaíochtaí faoi réir an Laghdaithe Pinsean-Choibhneasa (LPD). Déileáiltear leis an gCnapshuim Foirceanta mar a bheadh íocaíocht iomarcaíochta ann agus tagann sí faoi réir ÁSPC freisin.

### Íocaíochtaí Pinsin

Nuair atá deireadh le híocaíochtaí Foirceanta (nó roimhe sin má chinneann an Comhalta amhlaidh), féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar phinsean, ar choinníoll go bhfuil an aois phinsin chaomhnaithe sroichte aige nó aici. De ghnáth, 50 nó 65 bliana d’aois atá i gceist, ach sin ag brath ar an tráth ar toghadh Comhalta den chéad uair.

Tá an Comhalta i dteideal Cnapshuim Phinsin agus Pinsean a fháil tar éis iarratas a dhéanamh ina leith agus tar éis ceadú a fháil ó Iontaobhaithe Scéim Pinsin Thithe an Oireachtais (Comhaltaí), ach sin faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe. Tá íocaíochtaí pinsin iníoctha ar bhonn míosúil ina riaráistí

agus tagann siad faoi réir cánach agus faoi réir an MSU.  Tá an Chnapshuim Phinsin saor ó cháin, ach sin de réir theorainneacha reatha na gCoimisinéirí Ioncaim.

Maidir le Comhaltaí a toghadh do Thithe an Oireachtais den chéad uair ar an 1 Eanáir 2013, nó dá éis sin, gan aon seirbhís phoiblí acu roimhe sin, ní comhaltaí de Scéim Pinsin Thithe an Oireachtais (Comhaltaí) iad ach is comhaltaí iad de Scéim Aoisliúntais Aonair na hEarnála Poiblí.  Tá aois scoir íosta i gceist leis an Scéim sin, is é sin, 66 bliana d'aois agus í ailínithe leis an Aois Phinsin Leasa Shóisialaigh.

Tá nasc gréasáin ar fáil ar ár leathanach inlín ag http://theplinth.oireachtas.local/ agus soláthraíonn sé sin rochtain ar Leabhráin Faisnéise faoi Chúrsaí Pinsin.  Tá cóipeanna crua ar fáil freisin ón Aonad Pinsean Comhaltaí, ach iad a iarraidh.

***Déan teagmháil le Derek Walker ag 6184672 nó cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig pensions@oireachtas.ie má tá aon cheisteanna eile agat.***

## A.4 Scéimeanna Saorálacha

### Árachas Sláinte Saorálach (VHI)

Déanfar asbhaintí ó íocaíochtaí tuarastail Teachtaí Dála i mí an lánscoir de réir mar is gnáth.  Ní féidir leis an tSeirbhís ranníocaíochtaí VHI a bhaint as íocaíochtaí foirceanta. Tabharfaidh an Siopa Ilfheidhme fógra don VHI faoi aon Teachtaí Dála nach dtoghtar athuair san Olltoghchán.  Ach is ar iar-Theachtaí Dála ar leithligh atá an fhreagracht teagmháil a dhéanamh leis an VHI chun socrú a dhéanamh maidir clúdach príobháideach a fháil más mian leo déanamh amhlaidh.

I gcás go n-aistríonn iar-Chomhaltaí chuig íocaíochtaí pinsin, is féidir préimheanna VHI a íoc as an bpinsean agus is féidir socruithe chuige sin a dhéanamh tríd an tSeirbhís.

I gcás Teachtaí Dála nach dtoghtar don Dáil athuair agus a thagann chun bheith ina n-iarrthóirí lena dtoghadh don Seanad, ní mór socruithe a dhéanamh chun déileáil le préimheanna le linn na tréimhse idir an toghchán Dála agus an toghchán Seanaid ina dhiaidh sin.

I gcás nach dtoghtar iar-TD do Thithe an Oireachtais athuair, is ceart dó nó di teagmháil a dhéanamh leis an ***Siopa Ilfheidhme ag folíne: 6184684/4678/4804/4688 nó le Anne Marie Buckley, Riarachán Custaiméara, VHI ag an uimh. theil. Seo a leanas: 021-4906637 (nó teachtaireacht ríomhphoist a chur chuici ag Annemarie.buckley@vhi.ie)*** chun a gcuid socruithe a phlé. Seo a leanas an Grúp-Uimhir nach mór é a lua: 2394.

### Pinsean Feabhsaithe – RSB (Ranníocaí Saorálacha Breise)

Déanfar asbhaint ón íocaíocht deiridh tuarastail tar éis an lánscoir i gcás Teachtaí Dála atá páirteach sa scéim Pinsin Fheabhsaithe (Ranníocaí Saorálacha Breise).  Beidh Tom Menton as Willis i dteagmháil le hiar-Theachtaí Dála a scoireann d'oifig nó nach dtoghtar athuair san Olltoghchán chun roghanna éagsúla a phlé.  Má tá aon cheisteanna ag Teachtaí Dála maidir lena gcuid teidlíochtaí faoin scéim seo, is ceart dóibh teagmháil a dhéanamh le ***Tom Menton, Willis ag Uimh. Theil.: 01-6326979 nó 0868175867 (nó ag tom.menton@willis.ie).***

### Bás le linn Seirbhíse

Maidir le Teachtaí Dála ar comhaltaí den scéim seo iad, ar comhaltaí iad a scoireann d'oifig nó nach dtoghtar athuair san Olltoghchán agus nach dtagann chun bheith ina n-iarrthóirí lena dtoghadh don Seanad, scoireann siad de bheith clúdaithe faoi Scéim Thithe an Oireachtais.  Maidir le Teachtaí Dála nach dtoghtar don Dáil athuair agus a thagann chun bheith ina n-iarrthóirí lena dtoghadh don Seanad

ina dhiaidh sin, beidh siad clúdaithe go dtí go bhfoilseofar torthaí an Olltoghcháin Seanaid sin san Iris Oifigiúil. Féadfaidh aon Chomhalta nach dtoghtar athuair do Thithe an Oireachtais teagmháil a dhéanamh láithreach le ***Tom Menton, Willis, chun clúdach príobháideach a eagrú, ag Uimh. Theil.: 01-6326979 nó 0868175867 (nó ag tom.menton@willis.ie).***

## Dliteanas Poiblí

Leanann clúdach Dliteanais Phoiblí de bheith i bhfeidhm i gcás Teachtaí Dála láithreacha go dtí an dáta athnuachana, is é sin, an 1 Iúil 2016, ar choinníoll go n- atoghtar iad. Más rud é nach dtoghtar iar-TD agus go dtéann sé/sí san iomaidh sa Toghchán Seanaid, beidh sé/sí clúdaithe suas go dtí dáta an Toghcháin Seanaid nó suas go dtí an dáta athnuachana (an 1 Iúil 2016), cibé acu is luaithe.

I gcás Teachtaí Dála nach dtoghtar athuair sa Toghchán Dála agus nach dtéann san iomaidh sa Toghchán Seanaid, ní bheidh siad clúdaithe a thuilleadh. Níl aon aisíocaíocht infheidhme i leith na tréimhse idir dáta an toghcháin agus an dáta athnuachana ós rud é gur tarraingíodh an polasaí seo suas do dhaoine atá ag fónamh mar Chomhaltaí de Thithe an Oireachtais. Ní oibríonn Comhlachtaí Poiblí na hÉireann, arb é an chuideachta a sholáthraíonn an tseirbhís seo, polasaithe ar leithligh agus ní shínfidh siad tréimhse an chlúdaigh do Theachtaí Dála nach dtoghtar athuair. Dá bhrí sin, beidh ar Theachtaí Dála nach dtoghtar athuair agus a leanann d'oifig dháilcheantair a oibriú clúdach dliteanais phoiblí a eagrú go príobháideach le héifeacht ón dáta a ndaingnítear torthaí an toghcháin. ***Is ceart ceisteanna a dhíriú ar John Sheridan, Comhar-Árachas Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann Teo ríomhphost: john.sheridan@ipb.ie***
***Teileafón: 01 6395549***

## Tionóisc Phearsanta

Tá Comhaltaí clúdaithe faoin scéim Tionóisce Pearsanta go dtí an 31 Nollaig 2016.

## Automobile Association

Tá comhaltaí Scéim an Automobile Association clúdaithe go dtí deireadh Mhárta 2016. Is é atá sa dáta athnuachana ná an 1 Aibreán 2016.

# ROINN B

## Saoráidí Ginearálta

### B.1. Mórláthair Theach Laighean

Tar éis lánscor Dháil Éireann, fanfaidh mórláthair Theach Laighean ar oscailt ó 7.30 a.m. go 10 pm, ó Luan go hAoine.

Cuirtear i gcuimhne do Theachtaí Dála den 31ú Dáil atá ag dul as oifig agus do Sheanadóirí is Iarrthóirí nach ceart feathail/ábhar a bhaineann leis an Olltoghchán a chur ar taispeáint i maighne Theach Laighean le linn na tréimhse idir an lánscor agus an lá vótaíochta.

Ní cheadaítear mórláthair Theach Laighean a úsáid le haghaidh agallamh leis na meáin le linn thréimhse an lánscoir.

### B.2. Saoráidí Poist

Ní mór aon leithroinnt clúdach réamhíoctha nár éilíodh fós a bhailiú faoi 7 p.m. ar lá an lánscoir ó Sheomra 09 in íoslach Theach Laighean.  Ina dhiaidh sin, ní féidir aon chlúdaigh réamhíoctha a sholáthar i leith chomhaltas an 31ú Dáil. Ní mór úsáid aon chlúdach den sórt sin chun críoch toghcháin a dhearbhú agus a dheimhniú do Choimisiún Thithe an Oireachtais agus luach na gclúdach sin a aisíoc de réir an sceidil muirear i Roinn F de na Treoirlínte seo.

Féadfaidh Seanadóirí leanúint de chlúdaigh a bhailiú.  Ach, i gcás Seanadóirí ar iarrthóirí sa Toghchán Dála iad, ní mór úsáid aon chlúdach den sórt sin chun críoch toghcháin a dhearbhú agus a dheimhniú do Choimisiún Thithe an Oireachtais agus luach na gclúdach sin a aisíoc de réir an sceidil muirear i Roinn F de na Treoirlínte seo.

De réir an dlí, ní cheadaítear clúdaigh réamhíoctha arna soláthar ag an Oireachtas a thabhairt do dhuine/d’eagraíocht eile.

Tar éis na dtoghchán, déanfar postas a thagann isteach do Chomhaltaí atá tar éis scor agus do Chomhaltaí nach dtoghtar a stóráil san Oifig Fiosrúchán go dtí fo ndéanfaidh an t-iarChomhalta socrú chun an postas sin a bhailiú nó go dtí go dtabharfaidh sé/sí seoladh ar féidir an postas a chur ar aghaidh chuige.

### B.3. Stórais Stáiseanóireachta agus Tomhaltáin

Féadfaidh Teachtaí Dála agus daoine dá bhfoireann earraí stáiseanóireachta agus tomhaltáin a bhailiú le haghaidh trealaimh ríomhaire, priontála agus oifige suas go dtí 7 p.m. ar lá an lánscoir.

I gcás Teachtaí Dála ar iarrthóirí sa Toghchán Dála iad, ní mór dóibh úsáid tomhaltán agus earraí stáiseanóireachta chun críoch toghcháin a dhearbhú.  Ní mór úsáid den sórt sin a dheimhniú do Choimisiún Thithe an Oireachtais agus a luach a aisíoc de réir an sceidil muirear i Roinn F de na Treoirlínte seo.

Déanfar an teorainn bhliantúil airgeadaíochta €2,000 i leith úsáid/tarraingt anuas tonóirí ag Teachtaí Dála a chur i bhfeidhm ar bhonn *pro rata* suas go dtí dáta an lánscoir.

Féadfaidh Seanadóirí leanúint d’earraí stáiseanóireachta agus de thomhaltáin a bhailiú.  Ach, i gcás Seanadóirí ar iarrthóirí sa Toghchán Dála iad, ní mór dóibh úsáid stáiseanóireachta tomhaltán chun

críoch toghcháin a dhearbhú.  Ní mór úsáid den sórt sin a dheimhniú do Choimisiún Thithe an Oireachtais agus a luach a aisíoc de réir an sceidil muirear i Roinn F de na Treoirlínte seo.

## B.4. Trealamh Oifige

Le héifeacht ó lá an lánscoir, ní féidir leis an Aonad Bainistíochta Saoráidí próiseáil a dhéanamh maidir le horduithe i leith athsholáthar nó ceannach trealaimh oifige.  Déanfar aon nithe a ordaítear, ach nach seachadtar, roimh dháta an lánscoir a choimeád faoi stóráil go dtí go mbeidh an tOlltoghchán thart.

Déanfar an trealamh a sholáthraítear do Theachtaí Dála ina n-oifig i dTeach Laighean a athleithroinnt laistigh de Theach Laighean.  Déanfar trealamh áirithe arna sholáthar d'oifigí dáilcheantair a thairiscint ar díol le Teachtaí Dála atá tar éis scor nó le Teachtaí Dála nach dtoghtar athuair, agus déanfar sin ar bhonn míreanna trealaimh ar leithligh nó ar bhonn pacáiste de réir na dtéarmaí seo a leanas:

| An Mhír | An praghas díola |
|---|---|
| Meaisín facs | €100 |
| Stiallaire | €60 |
| Deachtafón/Tras-Scríobhaí Analógach | €140 |
| Deachtafón/Meamram Póca Analógach | Saor in aisce |
| Deachtafón/Meamram Póca Digiteach | €105 |
| Lascaine pacáiste (3 mhír [facs, stiallaire, deachtú Digiteach]) | €220 |
| Lascaine pacáiste (4 mhír [facs, stiallaire, deachtú Analógach]) | €250 |

Má tá aon cheisteanna ag Teachtaí Dála i ndáil le trealamh oifige, is ceart dóibh ***teagmháil a dhéanamh le Elaine Cameron, an tAonad TFC, ag 6184234.***

## B.5. Socruithe Beáir agus Bialainne le linn thréimhse an Lánscoir

I rith thréimhse an lánscoir, beidh Beár na gComhaltaí agus Beáir na gCuairteoirí á n-oibriú de réir mar is gnáth. Beidh an bhialann féinseirbhíse á hoibriú de réir mar is gnáth. Beidh Bialann na gComhaltaí ar oscailt i gcomhair lóin ó 12.30pm go dtí 2.30pm, Máirt - Déardaoin.  D'fhéadfadh sé go n-athbhreithneofar an socrú seo.

Le héifeacht ó dheireadh gnó ar dháta an lánscoir, scoirfear de na socruithe creidmheasa go léir a bhaineann leis an mbeár agus leis an mbialann i gcás Teachtaí Dála. Déanfar aon iarmhéideanna gan íoc atá dlite don bhialann agus/nó don bheár suas go dtí an dáta sin, agus an dáta sin san áireamh, a ríomh agus eiseofar ráiteas ina leith láithreach chuig gach TD lena mbaineann. Ní mór íocaíocht a thabhairt laistigh de 30 lá i leith gach iarmhéid.  Is féidir íocaíocht a shocrú ar bhonn íocaíochta in airgead tirim, le cárta creidmheasa, le seic, le haistriú leictreonach cistí (ALC) nó trí asbhaint ó aon íocaíocht tuarastail atá dlite, de réir mar a chomhaontófar leis an tSeirbhís. Chun críoch íocaíochta, déanfar faisnéis faoin gCuntas Beáir agus Bialainne a chur san áireamh sa ráiteas deiridh a eiseofar tar éis an Lánscoir.

Déanfaidh na daoine teagmhála seo a leanas aon soiléiriú a bheidh ag teastáil a chur ar fáil:

Darren Brady (An Beár) 01 618 3535

Lucht Riaracháin na Bialainne (01) 618 3399
Siobhan Malone (Bainisteoir Saoráidí) (01)618 4403
Mary Haran (An Beár agus an Bhialann)   (01) 618 3220

# ROINN C

## Saoráidí TFC

I gcoitinne, beidh Teachtaí Dála atá ag dul as oifig agus a thoghtar don 32ú Dáil i dteideal an trealamh agus na saoráidí TFC atá acu faoi láthair a choimeád ar feadh thréimhse an toghcháin. Tiocfaidh úsáid trealaimh agus saoráidí TFC tar éis lánscor na Dála, le linn thréimhse an toghcháin (.i. idir an lánscor agus an lá vótaíochta), faoi réir na muirear a shonraítear i dtreoirlínte Choimisiún Thithe an Oireachtais maidir le lánscor, ar treoirlínte iad atá le fáil i Roinn F (leathanach 22) de na Treoirlínte seo. Maidir le Teachtaí Dála atá ag dul as oifig agus atá ag scor nó nach dtoghtar athuair, beidh dhá rogha acu maidir lena dtrealamh TFC agus maidir leis an bhfaisnéis atá ann:-

(i) Féadfaidh Comhaltaí an ríomhaire atá ina seilbh a thabhairt isteach agus socrú a dhéanamh chun a gcuid sonraí a asbhaint de agus a sholáthar dóibh i bhformáid inarbh fhéidir leo rochtain a bheith acu orthu ar a ríomhaire pearsanta féin. Ar imeacht dóibh, tabharfar cúnamh agus comhairle do Chomhaltaí chun a chumasú dóibh sonraí a aistriú óna seanmheaisín go dtí a meaisín nua. Is é seo an modh a mholtar go mór do Chomhaltaí chun gur féidir leo leanúint de rochtain a bheith acu ar a gcuid sonraí. Ní ghearrfaidh an tOireachtas aon mhuirear ar Chomhaltaí as an tseirbhís sin.

(ii) De rogha air sin, féadfaidh Comhaltaí a chinneadh an ríomhaire atá ina seilbh a choimeád. **Má chinntear é sin, áfach, NÍ FOLÁIR dóibh na bog-earraí is gá chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí a cheannach.** Timpeall €600 an costas atá ar na bogearraí is gá. Ina theannta sin, is ceart do Chomhaltaí a fhios a bheith acu go bhfuil an ríomhaire a fhaigheann siad caite nó beagnach caite agus nach bhfuil sé faoi bharánta a thuilleadh.

Beidh ar Theachtaí Dála atá ag dul as oifig agus atá ag scor nó nach dtoghtar athuair an trealamh TFC ar fad a thabhairt suas (agus baileoidh an tSeirbhís an trealamh sin uathu tar éis an toghcháin). Tiocfaidh úsáid trealaimh agus saoráidí TFC tar éis lánscor na Dála, le linn thréimhse an toghcháin (i.e. idir an lánscor agus an lá vótaíochta), faoi réir na muirear a shonraítear i dtreoirlínte Choimisiún Thithe an Oireachtais maidir le lánscor, ar treoirlínte iad atá le fáil i Roinn F (leathanach 19) de na Treoirlínte seo.

### C.1. An tSaoráid Phriontála

Le linn thréimhse an lánscoir, ní bheidh an tsaoráid phriontála ar fáil do Theachtaí Dála atá ag dul as oifig agus scoirfidh an tsaoráid sin dá cuid oibríochtaí ar 7 p.m. ar lá an lánscoir. Dá bhrí sin, ní ghlacfar le haon obair nua ó Theachtaí Dála atá ag dul as oifig (is cuma cé acu priontáil inmheánach nó priontáil eisfhoinsithe atá i gceist) le héifeacht ó dháta an lánscoir.

Féadfaidh Teachtaí Dála atá ag dul as oifig aon mhíreanna oibre priontála atá le bailiú fós a bhailiú i rith na tréimhse 24 huaire an chloig tar éis lá an lánscoir (i.e. suas go dtí 7 p.m. ar dhá an lae tar éis lá an lánscoir). Ciallaíonn míreanna oibre priontála míreanna oibre atá faighte ag an tsaoráid phriontála agus (cibé acu obair eisfhoinsithe nó obair inmheánach atá i gceist) agus a bhfuil tús curtha leo cheana féin agus ar féidir iad a chríochnú (i.e. priontáilte agus bailchríoch curtha orthu) laistigh de 24 huaire an chloig ó lá an lánscoir. Ina theannta sin, féadfaidh Teachtaí Dála atá ag dul as oifig míreanna oibre atá priontáilte cheana féin ach nár cuireadh bailchríoch orthu a bhailiú (e.g. míreanna oibre atá priontáilte ach nár filleadh iad). Seachas sin, ní chríochnófar míreanna oibre a gheofar roimh an lánscor. ***Déan teagmháil le Richie Roe ag 6183026.***

### C.2. Ríomhphost

Féadfaidh iar-Chomhaltaí socrú a dhéanamh chun a gcuid teachtaireachtaí ríomhphoist a chur ar aghaidh chuig seoladh malartach. Is féidir leis an gComhalta/le foireann an Chomhalta a tseirbhís sin a chur i bhfeidhm trí riail nua a chruthú ina gcuntas ríomhphoist ní tríd an tseirbhís a iarraidh le teachtaireacht ríomhphoist chuig support@oireachtas.ie nó le litir chuig an mBainisteoir TFC, Teach Laighean agus an seoladh ríomhphoist malartach á thabhairt, mar aon leis an dáta ar a bhfuil an tseirbhís le cur i bhfeidhm.

Nuair a bheidh tús curtha leis an tseirbhís seo, déanfar meamraim a thagann isteach a choimeád ar chuntas ríomhphoist an Oireachtais agus déanfar cóip de gach meamram a chur ar aghaidh ó chuntas ríomhphoist an Oireachtais chuig an seoladh ríomhphoist nua. Nuair a fhaightear an meamram ag an seoladh nua beidh an chuma air gur tháinig sé ó sheoladh an Oireachtais seachas ón seoltóir bunaidh.

Mar mhalairt air sin, féadfaidh Comhaltaí atá ag dul as oifig teachtaireacht faoi asláithreacht ón oifig a ullmhú mar a leanas: "Le linn an fheachtais toghcháin, beidh seoladh ríomhphoist malartach á úsáid agam. Iarrtar ort do theachtaireacht ríomhphoist a chur chugam arís ag DO SHEOLADH RÍOMHPHOIST NUA."

I gcás Comhaltaí atá ag dul as oifig, beidh cuntais ríomhphoist bailí go ceann 6 seachtaine tar éis lá an lánscoir. Ina dhiaidh sin, déanfar na cuntais ríomhphoist sin (agus aon atreorú teachtaireachtaí nó teachtaireachtaí asláithreachta ón oifig) a chur as feidhm. Moltar do Chomhaltaí atá ag dul as oifig cóip dá mbunachar sonraí ríomhphoist a thógáil más mian leo é a choimeád ina dhiaidh sin. ***Chun freagraí a fháil ar cheisteanna, déan teagmháil leis an Aonad Tacaíochta TFC do Chomhaltaí – 6184444 nó support@oireachtas.ie.***

## C.3. Teileafóin

### C.3.1. Glaonna a chur ar aghaidh

Féadfaidh Comhaltaí atá ag dul as oifig a iarraidh go ndéanfar glaonna chuig a n-uimhir (n-uimhreacha) i dTeach Laighean a atreorú chuig uimhir sheachtrach ainmnithe. Ar dháta lánscor na Dála, cuirfear deireadh go huathoibríoch le haon atreorú atá ann an tráth sin. Féadfaidh Comhalta atá ag dul as oifig a iarraidh go leanfar den tseirbhís sin más rud é go dtabharfar daingniú á rá go n-íocfaidh sé/sí na muirir i leith na seirbhíse le linn thréimhse an lánscoir. Beidh na muirir sin bunaithe ar na rátaí caighdeánacha is iníoctha ag an tSeirbhís agus déanfar gach glao a chuirfear ar aghaidh a thaifeadadh le linn thréimhse an lánscoir le gur féidir na muirir a ríomh go cruinn.

Féadfar an tseirbhís sin a iarraidh le teachtaireacht ríomhphoist chuig telecoms@oir.ie nó le litir arna díriú chuig an mBainisteoir TFC, Teach Laighean, agus ní mór an uimhir theileafóin nua agus uimhir na folíne atá le cur ar aghaidh a shonrú. ***Chun freagraí a fháil ar cheisteanna faoi ghlaonna a chur ar aghaidh iarrtar ort glaoch ar 01 6184765 nó teachtaireacht ríomhphoist a chur chuig telecoms@oireachtas.ie.***

### C.3.2. Úsáid a bhaint as gléasanna láimhe teileafóin an Oireachtais le linn thréimhse an lánscoir

Tá Teachtaí Dála atá ag dul as oifig freagrach as úsáid a gcuid saoráidí teileafóin Oireachtais tar éis an lánscoir. Déanfaidh an tSeirbhís na glaonna ar fad ó línte teileafóin gach Teachta Dála atá ag dul as oifig agus gach Seanadóra is Iarrthóir a thaifeadadh ó dháta an lanscoir. Tar éis an toghcháin, bainfidh an tSeirbhís úsáid as na taifid teileafóin chun ráiteas a ullmhú maidir leis na glaonna go léir a dhéantar agus beidh ar gach TD atá ag dul as oifig íoc as na glaonna go léir nach n-éiríonn as dualgais leanúnacha ionadaíochta

Féadfaidh aon TD/Seanadóir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad TFC chun glas a chur ar a gcuid gléasanna láimhe agus línte facs.  Déanfar sin a luaithe is féidir agus cuirfear pasfhocal nua i bhfeidhm don ghléas láimhe chun úsáid neamhúdaraithe ag tríú páirtithe a chosc.

Féadfaidh Seanadóirí leanúint de theileafóin Oireachtais a úsáid i gcomhair dualgas a bhaineann lena ról mar Sheanadóirí. Ach, i gcás Seanadóirí ar iarrthóirí iad in olltoghchán Dála, ní mór dóibh an costas a ghabhann le húsáid shaoráidí theileafóin Theach Laighean chun críoch a bhaineann le feachtas an toghcháin Dála a chur san áireamh sa tuairisceán faoi chaiteachas a thugann siad don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.  Cé gur féidir leis an tSeirbhís ráiteas a sholáthar faoi ghlaonna agus faoi chostais, is faoi gach Seanadóirí ar leith atá sé a chinneadh cén cionn de na glaonna a bhain le hobair thoghcháin.

## C.4. Trealamh TFC

### C.4.1. Trealamh a Bhogadh

Féadfaidh Comhaltaí a iarraidh go ndéanfar trealamh TFC atá i dTeach Laighean a bhogadh e.g. chuig ionad i ndáilcheantar nó sa bhaile, roimh lánscor na Dála (ach ní féidir ceangail bhreise leathanbhanda nó cianrochtana a sholáthar sa bhaile nó san ionad i ndáilcheantar). Beidh foirm iarrata ar fáil ar Inlíon Thithe an Oireachtais, "An Plionta". I gcás aon iarratáí chun trealamh a bhogadh tar éis dháta an lánscoir, ní mór íoc astu de réir costais agus tá na costais sin le fáil san Aguisín. Is ceart a bheith ar an eolas go bhféadfadh fógra suas go cúig lá a bheith ag teastáil agus déanfar an cheist i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil muirear le híoc a chinneadh de réir dháta an lánscoir seachas de réir an dáta a ndéantar an iarraidh. Ar aon chuma, iarrtar ort gan aon trealamh a bhogadh as Teach Laighean tú féin ós rud é go bhféadfadh sé sin a bheith contúirteach agus go bhféadfaí damáiste a dhéanamh don trealamh. ***Chun freagraí a fháil faoi bhogadh trealaimh, glaoigh ar 01 618 4763 nó cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig support@oireachtas.ie.***

### C.4.2. Trealamh a thabhairt ar ais i gcás Comhaltaí atá ag scor nó Comhaltaí nach dtoghtar athuair

Beidh ar aon Chomhaltaí nach mbeidh ag dul san iomaidh lena dtoghadh arís nó nach dtoghtar athuair a gcuid PC-anna, ríomhairí glúine, scanóirí agus trealaimh deachtúcháin dhigitigh agus na crua-earraí go léir eile (lena n-áirítear trealamh a bhaineann le ceangal cianláithreán) a thabhairt isteach <u>tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis dháta an olltoghcháin</u>.  Déanfaidh an tAonad TFC socrú chun an trealamh TFC ar fad (lena n-áirítear meaisíní facs, stiallairí agus trealamh deachtúcháin) a bhailiú trí choinne a dhéanamh ag am a oireann don Chomhalta atá ag dul as oifig.  Má chailltear an choinne, gearrfar táille €195 i leith an dara coinne.  ***Chun ceisteanna a chur a bhaineann le trealamh a thabhairt ar ais, glaoigh ar 01-618 4761, le do thoil.***

### C.4.3. PC-anna a cheannach

Féadfaidh gur mian le Comhaltaí a scoireann d'oifig nó nach dtoghtar athuair don 32ú Dáil an PC atá acu faoi láthair a cheannach ach, ar na cúiseanna a leagadh amach cheana sa roinn seo, ní mholtar é seo a dhéanamh.  Ach déanfaidh *an tAonad Tacaíochta TFC do Chomhaltaí* comhairle a thabhairt do Chomhaltaí atá ag scor agus ar mian leo PC nua a cheannach go príobháideach, agus maidir leis na Comhaltaí a dhéanfaidh an rogha sin, déanfar na sonraí atá acu faoi láthair a sholáthar dóibh i bhformáid is féidir a thraschur go dtí PC nua agus tabharfar cúnamh dóibh chun rochtain a fháil orthu ar a meaisín nua.  Tuilleadh mionsonraí ag an uimhir theileafóin: *01 6184444*.
Féadfaidh Comhaltaí a scoireann d'oifig nó nach dtoghtar athuair don 32ú Dáil a gcuid iPad-anna a choimeád.
***Déan teagmháil leis an Aonad TFC, le do thoil, ag 01 6184999, chun tuilleadh faisnéise a fháil.***

## C.5. Cosaint Sonraí

**C.5.1. Sonraí/comhaid a chóipeáil**
Más mian le Comhaltaí, cabhróidh an tAonad TFC leo na sonraí agus na comhaid go léir a chóipeáil ón líonra chuig feiste USB (e.g. méaróg chuimhne nó tiomántán crua seachtrach), chuig CD nó chuig DVD. Tá feistí USB ar fáil ón Aonad TFC. Ní féidir leis an Aonad TFC cóipeanna de shonraí atá stóráilte ar PC-anna aonair. Is ceart don úsáideoir sonraí den sórt sin a chóipeáil. Baineann sé seo le cásanna inar mian le Comhaltaí a gcuid sonraí/comhad a thabhairt chun bealaigh i rith thréimhse an toghcháin agus le cásanna ina bhfuil Comhalta ag scor nó nach dtoghtar Comhalta athuair agus gur mian leis/léi cóipeanna de na sonraí/comhaid go léir a choimeád. ***Chun freagraí a fháil ar cheisteanna faoi chóipeáil do chuid sonraí agus comhad, glaoigh ar 01 618 444 nó cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig support@oireachtas.ie, le do thoil.***

Cuirtear i gcuimhne do Chomhaltaí gur gá sonraí atá stóráilte ar mheáin iniompartha (méaróga cuimhne nó tiomántáin chrua) a chriptiú ós rud é, mar gheall ar an iniomparthacht sin, gur furasta iad a chailleadh nó a ghoid. Cinntíonn criptiú gur daoine údaraithe amháin a fhéadfaidh rochtain a fháil ar na sonraí atá stóráilte. Déanfar gach feiste a sholáthróidh an tAonad TFC a chriptiú. Is ceart do Chomhaltaí sonraí íogaire pearsanta atá le tarchur le ríomhphost nó ar shlí eile ar líonraí lasmuigh den Oireachtas a chriptiú freisin.

Cuirtear i gcuimhne do Chomhaltaí atá ag scor gur de bhua chomhaltais an Oireachtais atá an díolúine ann ó chlárú leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus go bhfuil sé de cheangal orthu, de réir an dlí, i gcás go stórálann siad nó ina n-úsáideann siad sonraí pearsanta tar éis dóibh scor de bheith ina gComhaltaí, clárú leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí ar feadh cibé tréimhse a gcoimeádfar nó a n-úsáidfear na sonraí sin. Chun freagraí a fháil ar cheisteanna faoi chlárú leis an gCoimisinéir Cosanta sonraí, déan teagmháil le hoifig an Choimisinéara, le do thoil, ag **057 868 4800**. Ina theannta sin, cuirtear i gcuimhne do Chomhaltaí atá ag dul as oifig nach gceadaítear sonraí pearsanta a thug toghthóirí dóibh a aistriú chuig tríú páirtithe gan toiliú a fháil ón té is ábhar do na sonraí.

**C.5.2. Comhairle maidir le sonraí a dhiúscairt**
Is féidir sonraí a choimeádann Comhaltaí Thithe an Oireachtais a aicmiú mar shonraí a thagann faoi réim *na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003* nó mar chineálacha eile sonraí. Déileálann an chomhairle seo le húsáid an dá chatagóir sonraí sin ag daoine a scoirfidh de bheith ina gComhaltaí de Thithe an Oireachtais tar éis na nOlltoghchán atá le bheith ann.

**C.5.3. Sonraí a thagann faoi réim *na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003***
Leis *na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003*, leagtar amach rialacha daingne maidir le bailiú, próiseáil, coimeád, úsáid agus nochtadh sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta atá íogair. Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas -

- folaíonn an téarma “sonraí” sonraí a choimeádtar go leictreonach agus sonraí a choimeádtar i gcomhaid pháipéir agus ar cuid de “córas comhdaithe iomchuí” iad (i.e. sraith struchtúrtha sonraí a bhfuil rochtain orthu de réir critéar sonrach);
- tagann scriosadh, díothú, stóráil, cóipeáil, priontáil, comhroinnt nó nochtadh faoi réim an mhínithe ar an téarma “próiseáil”; agus
- baineann rialacha difriúla le próiseáil “sonraí pearsanta” i gcomparáid le próiseáil “sonraí pearsanta atá íogair”.

**Mínithe as na hAchtanna um Chosaint Sonraí**

| ciallaíonn “**Sonraí Pearsanta**”: | Ciallaíonn **“sonraí pearsanta atá íogair”** sonraí pearsanta maidir leis na nithe seo a leanas: |
|---|---|
| sonraí a bhaineann le duine aonair beo a | a) bunadh cine nó eitneach, tuairimí |

| | |
|---|---|
| aithnítear nó is féidir a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i dteannta faisnéise eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí nó is dócha a thiocfaidh i seilbh an rialaitheora sonraí. | polaitíochta nó barúlacha creidimh nó fealsúnachta an ábhair sonraí,<br>b) an amhlaidh gur comhalta de cheardchumann an t-ábhar sonraí,<br>c) sláinte coirp nó meabhrach nó staid coirp nó meabhrach nó cleachtadh gnéis an ábhair sonraí,<br>d) aon chion a bheidh déanta nó a líomhnaítear a bheith déanta ag an ábhar sonraí, nó<br>e) aon imeachtaí i leith ciona a bheidh déanta nó a líomhnaítear a bheith déanta ag an ábhar sonraí, réiteach na n-imeachtaí sin nó pianbhreith aon chúirte sna himeachtaí sin. |

Ar choinníoll go ndéantar Alt 2 de *na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003* a chomhlíonadh, i.e. na sonraí a bheith faighte go cóir (rud arb é is brí leis de ghnáth ná nach mór go mbeidh an té is ábhar do na sonraí ar an eolas go bhfuil na sonraí faighte ag an gComhalta – baineann eisceacht shuntasach amháin ina leith sin le teidlíocht Comhaltaí cóip de chlár na dtoghthóirí a bheith acu), na sonraí a bheith cruinn agus iomlán etc., bheadh iar-Chomhalta nó duine dá f(h)oireann atá ag gníomhú de réir a t(h)reoracha i dteideal sonraí pearsanta a dhíothú. Is amhlaidh atá an scéal mar go measfaí maidir le díothú na sonraí sin "go bhfuil gá [leis an bpróiseáil] chun críocha na leasanna dlisteanacha arna saothrú ag an rialaitheoir sonraí". I bhfocail eile, ós rud é go bhfuil an duine tar éis scor de bheith ina C(h)omhalta de Thithe an Oireachtais, tá leas dlisteanach ag an duine i ndiúscairt na sonraí a bailíodh agus a úsáideadh le linn a t(h)éarma oifige mar Chomhalta. Mar an gcéanna, bheadh díothú na sonraí i gcomhréir leis an bprionsabal atá ann san Acht á rá nach ndéanfar sonraí a bheidh faighte chun críche amháin nó níos mó a bheidh sonraithe, follasach agus dlisteanach, agus chun na críche nó na gcríoch sin amháin, a choimeád go ceann tréimhse is faide ná mar is gá.

Ach tá feidhm ag rialacha difriúla (agus níos daingne) maidir le sonraí pearsanta atá íogair nó maidir le sonraí a gcreideann tú ina leith nach bhfuil siad á gcoimeád ag aon duine eile. I dtaca leis na cineálacha sin sonraí de, tá oibleagáid ar iar-Chomhalta teagmháil a dhéanamh leis an té is ábhar do na sonraí roimh na sonraí a scriosadh agus tairiscint a dhéanamh na sonraí a thabhairt ar ais don té is ábhar do na sonraí. Mura bhfaightear aon fhreagra laistigh de 8 seachtaine, féadfar na sonraí a scriosadh ansin.

Ní ceadmhach do Chomhaltaí den 31ú Dáil ná den 24ú Seanad a scoireann de bheith ina gComhaltaí sonraí pearsanta nó sonraí pearsanta atá íogair a aistriú chuig daoine dá bhfoireann reatha, chuig a gcomhleacaithe páirtí , chuig daoine dá dteaghlach ná chuig aon duine eile, fiú amháin má thagann an duine sin chun bheith ina C(h)omhalta, nó ina f(h)ostaí de chuid Comhalta, den 32ú Dáil nó den 25ú Seanad, ná ní fhéadfaidh siad aistriú den sórt sin a dhéanamh le linn dóibh a bheith ina gComhaltaí de cheachtar Teach. Baineann sé seo freisin le cóipeanna de chlár na dtoghthóirí a d'fhéadfadh a bheith ag Comhaltaí.

**C.5.4. Cineálacha eile sonraí**

Ní feidhm ag *an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014* ná ag *an Acht um an gCartlann Náisiúnta 1986* maidir le páipéir phríobháideacha de chuid iar-Chomhaltaí de Thithe an Oireachtais. Dá bhrí sin, níl aon chosc reachtúil ann maidir sonraí nó faisnéis eile a dhíothú. Má tá faisnéis rúnda ann i bpáipéir den sórt sin, áfach, is ceart d'iar-Chomhaltaí a chinntiú go ndéantar na páipéir a dhiúscairt go cuí.

**C.5.5. Bearta sonracha atá le déanamh/seachaint ag Comhaltaí atá ag dul as oifig**

Ní mór duit a chinntiú nach ndéantar sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta atá íogair, ar sonraí iad a fuarthas lena n-úsáid i dtaca le do chuid dualgas ionadaíochta mar TD/Sheanadóir, a phróiseáil tuilleadh tar éis duit scor de bheith i do TD/Sheanadóir. D'éagmais toilithe shonraigh ón té is ábhar do na sonraí, ní fhéadfaidh tú na sonraí pearsanta agus na sonraí pearsanta atá íogair a úsáid ach amháin chun na críche (na gcríoch) ar ina leith a tugadh na sonraí duit. Dá bhrí sin, mar shampla, má thug toghthóir a seoladh ríomhphoist, a PPSN, a n-uimhir theileafóin, a seoladh ríomhphoist agus mionsonraí faoina stair fostaíochta agus faoina stair ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh duit mar chúnamh i ndáil le ceist faoi chúrsaí pinsin a réitíodh sé mhí ó shin, ní fhéadfaidh tú úsáid a bhaint as a gcuid sonraí anois chun dul i dteagmháil leo ar mhaithe le tacaíocht a fháil uathu sa toghchán. Más rud é, áfach, tráth bhailithe na sonraí, go raibh sé beartaithe agat mionsonraí teagmhála a úsáid ina dhiaidh sin sa todhchaí <u>agus</u> gur thug an té is ábhar do na sonraí toiliú duit na sonraí a úsáid chun críoch teagmhála, ansin féadfaidh tú na sonraí teagmhála sin a úsáid chun na críche sin. Má tá aon amhras ann i dtaobh ar thug an té is ábhar do na sonraí toiliú lena gcuid sonraí pearsanta a úsáid chun na críche áirithe sin, is ceart duit, i gcónaí, ceist a chur ar an té is ábhar do na sonraí.

Mar chomhalta den Oireachtas, <u>féadfaidh tú</u> ainmneacha agus seoltaí poist a úsáid má tá an méid sin ann i gclár na dtoghthóirí a bhfuil teidlíocht reachtúil ag Teachtaí Dála agus ag Seanadóirí faoi na hAchtanna Toghcháin chun rochtain a fháil air. Baineann an teidlíocht le Teachtaí Dála i leith an dáilcheantair inar toghadh iad agus baineann sí le Seanadóirí i leith an dáilcheantair inar chónaigh siad an tráth ar toghadh/ainmníodh iad. Baineann na díolúintí le dáilcheantair mar atá siad ar marthain faoi láthair, agus ní bhaineann siad leis na dáilcheantair athbhreithnithe a bheidh ann tráth lánscor na Dála – e.g. Dún na nGall (Dún na nGall Thoir Thuaidh agus Dín na nGall Thiar Theas faoi láthair), Ros Comáin-Gaillimh (Ros Comáin-Liatroim Theas faoi láthair), nó Baile Átha Cliath Thuaidh (Baile Átha Cliath Thuaidh-Lár agus Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh faoi láthair). Féach Alt 3(1) den Acht Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2013. Ní fhéadfar ainmneacha agus seoltaí a fhaightear ó chlár na dtoghthóirí a úsáid ach amháin chun críoch toghcháin agus chun críoch reachtúil eile.

Má scoireann tú de bheith i do TD/Sheanadóir, ach go gcoimeádann tú sonraí pearsanta i bhformáid leictreonach nó i bhformáid cóipe crua, ansin ní mór duit clárú leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí. Leagann Airteagal 19(1) den Treoir maidir le Cosaint Sonraí oibleagáid ar bhallstáit rialaitheoirí sonraí a chlárú, agus rinneadh an oibleagáid sin a thrasuí isteach i ndlí na hÉireann le hAlt 19(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Foráiltear mar a leanas leis an Alt sin: "Ní dhéanfaidh rialaitheoir sonraí ....... a choimeád mura bhfuil, de thuras na huaire, taifead sa chlár maidir leis.". Tá Teachtaí Dála agus Seanadóirí atá ag fónamh sa cháil sin díolmhaithe ón gceanglas maidir le clárú leis an gCoimisinéir de bhua Alt 16(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus de bhua Rialachán 3(1)(b)(iii) d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 657 de 2007 – i gcás Teachtaí Dála, scoireann an díolúine sin d'fheidhm a bheith aici ar an lá a lánscoirtear an Dáil agus, i gcás Seanadóirí, scoireann sé d'fheidhm a bheith aici, ar an lá deireanach de gach Seanad ar leith (i.e. an lá roimh an Olltoghchán Seanaid).

Má scoireann tú de bheith i do Theachta/Sheanadóir, ní mór duit a chur san áireamh nach bhféadfaidh tú sonraí pearsanta a choimeád ach amháin chun na críche dlisteanaí ar ina leith a lorgaíodh/fuarthas iad. Nuair a thagann deireadh leis an gcríoch sin, ní cheart na sonraí a choimeád. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a fhaigheann Teachta/Seanadóir chun críche áirithe mar chuid dá ról mar Theachta/Sheanadóir a phróiseáil tuilleadh tar éis don Teachta/Seanadóir scor de bheith ina c(h)omhalta den Oireachtas.

Tá nóta mionsonraithe faoi na rialacha a bhaineann le coimeád sonraí curtha ar fáil ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus is féidir an nóta sin a fháil ar láithreán gréasáin an Choimisinéara ag https://www.dataprotection.ie/docs/Data-Protection-Rule-7/31.htm.

Tá nóta a bhaineann le críoch/teorainn/coimeád ar fáil ag https://www.dataprotection.ie/docs/Guidance-Note-for-Data-Controllers-on-Purpose-Limitation-and-Retention/859.htm.

Ní mór duit a chinntiú nach ndéantar sonraí pearsanta, agus go háirithe sonraí teagmhála amhail uimhreacha fón póca, uimhreacha teileafóin líne talún, seoltaí ríomhphoist agus sonraí teagmhála meán sóisialta, a úsáid chun críoch toghcháin má fuarthas iad go sonrach chun cabhrú le saoránach i ndáil le hábhar ba chás leis/léi (de ghnáth baineann nithe den sórt sin le ceadanna pleanála, le hiarratais ar dheontais, le cúrsaí tithíochta, le hiarratais ar chártaí liachta, le sochair leasa shóisialaigh).

Ní mór duit socrú a dhéanamh go ndéanfar taifid i bhfoirm cóipe crua ina bhfuil sonraí pearsanta a dhíothú ar shlí ina gcinntítear nach bhfuil aon bhaol ann go mbeidh rochtain neamhúdaraithe le fáil ar na sonraí ag aon duine ina dhiaidh sin – molaimid stialladh trasghearrtha.

Ní mór duit a chinntiú go ndéantar sonraí ar aon mheáin sheachtracha (méaróga USB, cártaí cuimhne SD, cártaí cuimhne Micro SD, tiomántáin chrua, etc.) nó ar theileafóin chliste, ar PDA-anna, ar tháibléid, ar mhionríomhairí, ar ríomhairí glúine, ar PC-anna nó ar fheistí den tsamhail chéanna lena ngabhann stóráil inmheánach nó stóráil inbhainte, a scriosadh go daingean trí úsáid a bhaint as bogearraí atá ceaptha chun na críche sin, nó go ndéantar an meán stórála a dhíothú go daingean.

Is ceart duit daingniú a iarraidh ar Aonad TFC an Oireachtais á rá -

go ndearnadh aon sonraí a bhí á gcoimeád ar fhreastalaithe arna soláthar ag Seirbhís Thithe an Oireachtais (amhail sonraí atá taifeadta i mbunachair shonraí dáilcheantair Comhaltaí, sonraí atá á gcoimeád i gcuntas ríomhphoist Comhaltaí, sonraí atá á gcoimeád ar sciar na gComhaltaí den líonra agus ar sciartha ball láithreach agus seanbhall foirne den líonra) a scriosadh go daingean;

go ndéanfar tiomántáin chrua aon ríomhairí nó ríomhairí glúine a thug Comhaltaí ar ais a chur faoi réir próisis trína scriostar na sonraí go léir go daingean agus ar mhodh do-athraithe;

go ndéanfar na sonraí go léir atá ar aon iPad nó ar aon fheiste tháibléadach eile a thugtar ar ais don Aonad TFC a scriosadh go daingean freisin.

Ní mór duit a chinntiú go ndéantar aon chóipeanna de shonraí a bheidh tógtha ag daoine de d'fhoireann chun tacú leat i bhfeidhmiú do chuid dualgas mar chomhalta den Oireachtas a thabhairt ar ais lena scriosadh/díothú.

Ní mór duit a chinntiú go ndéantar aon sonraí atá aistrithe agat féin nó ag daoine de d'fhoireann chuig soláthróirí seachtracha seirbhíse sonraí (amhail soláthróirí seirbhíse ar líne, soláthróirí néalseirbhíse – e.g. Amazon, Microsoft, Apple, Box, Dropbox) nó chuig aon soláthróir seirbhíse eile, a scriosadh ó chórais an tsoláthróra seirbhíse sin, d'ainneoin gur cheart na sonraí a bheith criptithe roimh aistriú chuig an soláthróir seirbhíse.

Ní mór duit a chinntiú nach ndéantar aon sonraí pearsanta nó sonraí pearsanta atá íogair a bheidh bailithe agat i rith do thréimhse mar TD/Sheanadóir a aistriú chuig aon tríú páirtí (lena

n-áirítear aistriú chuig daoine de d'fhoireann, chuig daoine de do theaghlach, chuig comhghleacaithe páirtí, chuig cairde nó chuig iarrthóirí eile sa toghchán).

***Déan teagmháil le Charles Hearne i ndáil le nithe sonracha a bhaineann le cosaint sonraí: 01 618 3113***

# **Roinn D:** Foireann na Parlaiminte agus Foireann Rúnaíochta

**Beidh Roinn D ina cabhair do Chomhaltaí maidir le tuiscint a fháil ar na hoibleagáidí a bhaineann lena bhfoireann tar éis an lánscoir**

## D.1. Foireann (atá ar fostú faoin Scéim Cúnaimh Rúnaíochta) a íoc le linn na tréimhse tar éis lánscor na Dála

Ní bhaineann na treoirlínte seo ach amháin le daoine foirne atá ar fostú faoin Scéim Cúnaimh Rúnaíochta i.e. fostaithe de chuid Comhaltaí ar leithligh agus fostaithe de chuid na bPáirtithe. Ní bhaineann na treoirlínte le “fostaithe sealadacha deimhnithe”.

Tuarastail agus Ragobair Foirne

Tar éis lánscor na Dála, leanfar de dhaoine ar leithligh d’fhoireann na dTeachtaí Dála, i.e. cúntóirí parlaiminte agus rúnaíochta, agus foireann na bpáirtithe polaitíochta, i.e. chefs de cabinets, riarthóirí, cúntóirí riaracháin agus rúnaíochta, a íoc suas go dtí lá na vótaíochta agus an lá sin san áireamh.

Ní dhéanfar daoine foirne atá fostaithe ag Teachtaí Dála a íoc as ragobair le linn thréimhse an lánscoir ós rud é gur ceart nach mbeadh an oiread céanna gníomhaíochta parlaimintí ann. Cé nach bhfuil an srian céanna ann i gcás fhoireann na Seanadóirí, is ceart cuspóir na ragoibre (nach mbaineann leis an toghchán) a lua go soiléir i bhfoirmeacha ragoibre a thíolactar le linn thréimhse an lánscoir, ós rud é nach dóigh go dtiocfaidh an Seanad le chéile le linn thréimhse lánscoir na Dála.

Costais Foirne

I gcás go n-úsáideann TD atá ag dul as oifig nó Seanadóir is Iarrthóir seirbhísí agus saoráidí arna soláthar le cistí poiblí, seachas i leith dualgas mar ionadaí poiblí le linn thréimhse an toghcháin, ní mór don TD atá ag dul as oifig nó don Seanadóir an muirear cuí a íoc. Tagann daoine foirne atá ar fostú ag Comhaltaí faoi réim an mhínithe ar “saoráidí” agus ní mór aon obair a dhéanann daoine foirne den sórt sin d'fheachtas toghcháin Comhalta a chúiteamh don Choimisiún. Tabharfar fógra ar leithligh do gach Comhalta ar leith maidir le tuarastal iarbhír gach fostaí le go bhféadfar socrú a dhéanamh i ndáil leis an gcúiteamh sin.

Saoire Bhliantúil
Féadfaidh daoine foirne a roghnú saoire bhliantúil a thógáil tar éis dháta an lánscoir chun bheith ag obair i gcáil dheonach gan phá d’fheachtas Olltoghcháin Comhalta, ach níl aon oibleagáid ar fhostaí aon Chomhalta déanamh amhlaidh. Moltar do Chomhaltaí a chinntiú go gcoimeádtar taifid dhóthanacha faoi chúrsaí saoire.

## D.2. Socruithe d’fhoireann na gComhaltaí agus na bPáirtithe tar éis an Olltoghcháin

Conarthaí
I gcoitinne, bíonn daoine den fhoireann ar fostú ag TD ar leithligh ar bhonn “Dáil go Dáil” nó ar bhonn conarthaí téarma sheasta/sainchuspóra. Tar éis lá an Olltoghcháin, beidh tréimhse sé seachtaine ón lá vótaíochta ag fostaithe chun conradh nua a shocrú do théarma na Dála nua. Leanfaidh fostaithe

d'íocaíocht a fháil le linn na tréimhse sé seachtaine sin. Beidh na socruithe céanna ann do dhaoine foirne atá ar fostú ag Seanadóirí ar feadh thréimhse dhá sheachtain ó dháta an toghcháin Seanaid.

Bíonn na daoine foirne a fhostaíonn na Páirtithe go díreach faoin Scéim Cúnaimh Rúnaíochta ar fostú ar bhonn conartha téarma sheasta freisin. Dá bhrí sin, beidh feidhm ag na forálacha céanna i ndáil le conradh nua a shocrú agus i ndáil le VER. Mura socraítear conradh nua, is ceart iarratas ar VER a dhéanamh tráth nach déanaí ná 6 seachtaine ón lá vótaíochta.

Gan aon eisceacht, ní mór do gach Comhalta agus do gach Páirtí conradh nua a dhéanamh le gach duine dá bhfoireann tar éis toghcháin, lena n-áirítear nuair a bhíonn daoine foirne a bhí fostaithe acu roimhe sin i rith téarma Dála/Seanaid roimhe sin a athfhostú. I gcás na gconarthaí go léir, agus gan aon eisceacht, ní mór do Chomhaltaí agus do Pháirtithe úsáid a bhaint as an gconradh teimpléadach arna sholáthar do Riarthóirí Páirtí ag an Aonad Acmhainní Daonna do Chomhaltaí. Is é a bheidh i ról na Seirbhíse i ndáil le caidreamh fostaíochta den sórt sin ná tuarastal a íoc. Is faoi na páirtithe polaitíochta a bheidh sé déileáil le nithe foghabhálacha amhail cóiríocht.

Socruithe maidir le Luath-Iomarcaíocht Dheonach agus Luath-Scor Deonach

Ní bhaineann an pacáiste Luath-Scoir Dheonaí agus Luath-Iomarcaíochta Deonaí (VER) ach amháin le daoine foirne atá ar fostú faoin Scéim Cúnaimh Rúnaíochta. I gcás daoine foirne nach socraíonn conradh nua, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag an VER. Féadfar VER a chur ar fáil do dhaoine foirne atá faoi bhun 65 bliana d'aois agus nach féidir leo conradh nua a shocrú sa $32^{ú}$ Dáil nó sa $25^{ú}$ Seanad.

Tá sé d'údarás ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an VER a cheadú agus níl aon ráthaíocht ann, dá bhrí sin, go mbeidh fostaithe faoin Scéim in ann leas a bhaint as. Sa phacáiste a cheadaithe an tAire sa bhliain 2011, soláthraíodh pá ceithre seachtaine in aghaidh na bliana seirbhíse, móide forlíonadh aon triain nach bhféadfadh dul thar 28 seachtaine. Ó thosach an $31^{ú}$ Dáil, tá modhnú déanta ag an Aire ar an Scéim VER chun an forlíonadh aon triain a bhaint den tseirbhís go léir a fabhraíodh ó bhí an $31^{ú}$ Dáil ann – leanfaidh an forlíonadh aon triain d'fheidhm a bheith aige maidir le seirbhís atá fabhraithe ag daoine foirne suas go dtí an 25 Feabhra 2011 agus an dáta sin san áireamh. Is faoin Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe atá sé téarmaí an VER a réiteach. A luaithe a cheadaítear aon phacáiste den sórt sin, tabharfaimid fógra do na Riarthóirí Páirtí agus do na daoine foirne go léir atá ar fostú faoin Scéim.

Socruithe do dhaoine foirne atá ar fostú faoin Scéim Cúnaimh Rúnaíochta agus nach bhfuil faoi bhun 65 bliana d'aois

Maidir le daoine foirne atá ar fostú faoin Scéim Cúnaimh Rúnaíochta agus nach bhfuil faoi bhun 65 bliana d'aois, féadfaidh siad féachaint le conradh nua a shocrú don chéad Dáil agus Seanad eile. I gcás nach féidir conradh nua a shocrú, ansin beidh feidhm ag na sochair faoin Scéim Aoisliúntais (i gcás oifigeach atá ar fostú faoin Scéim chun Cúnamh Rúnaíochta a sholáthar).

Is é atá sa ghnáthshochar do dhaoine foirne ná $1/80^{ú}$ den ghlanluach saothair inphinsin i leith gach bliana seirbhíse, suas go huasmhéid $40/80^{ú}$ agus cnapshuim $3/80^{ú}$ den luach saothair inphinsin i leith gach bliana seirbhíse ináirithe suas go huasmhéid $120/80^{ú}$.

D'fhéadfadh sé go bhfuil Cuma chasta ar an ngnáthshochar atá iníoctha faoin Scéim. Ach is é an sochar céanna é atá iníoctha faoi ghnáth-Scéimeanna Aoisliúntais a bhfuil feidhm acu sa tSeirbhís Phoiblí. Déanfar meastacháin ar leithligh ar theidlíochtaí a sholáthar ach iad a iarraidh ar ***Derek Walker (01 618 4672)***.

## D.3. Daoine Foirne atá ar fostú agus a íoctar de réir an Liúntais Rúnaíochta (T.V.E.)

Maidir le daoine foirne atá ar fostú faoin Liúntas Rúnaíochta mar fhostaithe sealadacha deimhnithe (atá ar fáil do Theachtaí Dála amháin), féadfar a dtuarastal a íoc leo suas go dtí lá an lánscoir agus an lá sin san áireamh. Ní beidh siad cáilithe i gcomhair aon íocaíochtaí faoin bpacáiste VER. Rachaidh an tSeirbhís i dteagmháil le Comhaltaí ag a bhfuil fostaithe sealadacha deimhnithe chun mionsonraí a thabhairt dóibh faoi na teidlíochtaí reachtúla a bhféadfadh feidhm a bheith acu.

## D.4. Daoine foirne atá ar fostú ag Sealbhóirí Oifige

Ní bhaineann na forálacha atá ann sa roinn seo ach amháin le daoine foirne de chuid Comhaltaí nach Sealbhóirí Oifige iad. Is faoin Roinn iomchuí atá sé déileáil leis na socruithe do dhaoine foirne de chuid Sealbhóirí Oifige. Déanfaidh ***Orla Scott, Oifigeach Pearsanra (01 6183444)***, na socruithe do dhaoine foirne de chuid Shealbhóirí Oifige an Oireachtais a chur in iúl do gach Sealbhóir Oifige ar leith.

## D.5. Daoine Teagmhála

Is féidir gach ceist faoi oibriú na Scéime Cúnaimh Rúnaíochta a dhíriú chuig an Aonad Acmhainní Daonna do Chomhaltaí – ***déan teagmháil le Derek Walker nó le Dave Gorman ar 01 618 4672 nó 01 618 3412 nó cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig hrmembers@oireachtas.ie.***

Is ceart gach ceist faoi oibriú na Scéime Aoisliúntais a dhíriú chuig an Aonad Pinsean - ***déan teagmháil le Derek Walker nó le hOisín Kennedy ar 01 618 4672 nó 01 618 4055 nó cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig pensions@oireachtas.ie.***

# ROINN E

## An tSeirbhís Leabharlainne agus Taighde (SLagusT)

.

**Leantar de raon seirbhísí faisnéise agus taighde a chur ar fáil do Sheanadóirí chun tacú leo i leith a gcuid dualgas parlaiminteach sa Seanad. Tá raon srianta seirbhísí ar fáil do Theachtaí Dála atá ag dul as oifig.**

### Rochtain ar Sheomra Léitheoireachta, ar bhailiúcháin agus ar sheirbhís iasachta SLagusT

Beidh foireann ar dualgas i Seomra Léitheoireachta SLagusT ó 9.15 a.m. – 6 p.m. (5.30 p.m. ar an Aoine) le linn thréimhse an lánscoir. Leanfaidh Seanadóirí agus Teachtaí Dála atá ag dul as oifig de rochtain a bheith acu ar an mbailiúchán nuachtán clóite sa Seomra Léitheoireachta. Beidh na nuachtáin laethúla ar fáil ó 9.15 a.m. ar aghaidh.

Leanfaidh Seanadóirí agus Teachtaí Dála atá ag dul as oifig de rochtain a bheith acu ar na bailiúcháin chlóite trí fhoireann an tSeomra Léitheoireachta agus de rochtain a bheith acu ar na bailiúcháin leictreonacha trí leathanaigh inlín SLagusT. Beidh Seanadóirí in ann ábhar a fháil ar iasacht fós.

Ní bheidh aon seirbhís iasachta ann do Theachtaí Dála atá ag dul as oifig le linn thréimhse an lánscoir. Ní mór aon fhoilseacháin atá ar iasacht faoi láthair ó SLagusT ag Teachtaí Dála atá ag dul as oifig, nó atá faighte ar iasacht thar a gceann, a thabhairt ar ais faoi 6 p.m. ar lá an lánscoir. Féadfar foilseacháin a thabhairt don fhoireann sa Seomra Léitheoireachta nó féadfar iad a sheoladh ar ais i gclúdach arna dhíriú chuig “An tSeirbhís Leabharlainne agus Taighde".

### Seirbhísí taighde ar éileamh agus réamhghníomhacha

Ní sholáthrófar aon seirbhísí réamhghníomhacha le linn thréimhse an lánscoir.

Leanfaidh Seanadóirí de rochtain a bheith acu ar sheirbhís faisnéise agus taighde ar éileamh ach ní bheidh na seirbhísí sin ar fáil do Theachtaí Dála atá ag dul as oifig.

Maidir le gach iarraidh bheo ar ábhar tagartha agus ar thaighde ó Theachtaí Dála atá ag dul as oifig, titfidh siad ar lár ar 6 p.m. ar lá an lánscoir. Féachfaidh foireann SLagusT déileáil le gach ceist faoi ábhar tagartha agus faoi thaighde (nó le codanna substaintiúla díobh) faoi lá an lánscoir. Ní mór do Theachtaí Dála ceisteanna faoi fhaisnéis agus taighde nach ndéileáiltear leo roimh an lánscor a thíolacadh athuair tar éis an Olltoghcháin má atoghtar na Teachtaí lena mbaineann.

Tá seaneagráin de *Bill Digests, Notes* agus *Spotlights* ar fáil trí leathanaigh inlín SLagusT.

### Tuilleadh faisnéise

Má bhíonn aon cheisteanna ag Seanadóirí agus ag Teachtaí Dála atá ag dul as oifig maidir leis na seirbhísí leabharlainne agus taighde a bheidh ar fáil le linn thréimhse an lánscoir, is ceart dóibh teagmháil a dhéanamh le ***Madelaine Dennison, Ceann na Seirbhísí Leabharlainne agus Taighde, 01 618 4735.***

# Roinn F: Treoirlínte agus muirir i ndáil le húsáid seirbhísí agus saoráidí tar éis lánscor Dháil Éireann

**Tá Roinn F ann chun eolas a thabhairt do Chomhaltaí faoi na costais a bhaineann le húsáid a bhaint as seirbhísí Oireachtais tar éis lánscor na Dála agus chun a chur i gcuimhne dóibh go bhfuil oibleagáid orthu aon úsáid a bhaineann siad as seirbhísí arna soláthar as cistí**

## Réamhrá

De bhun alt 4 (4A) den *Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003* (arna chur isteach le halt 4 (c) den *Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2009*), tá Coimisiún Thithe an Oireachtais ("Coimisiún an Oireachtais") tar éis na treoirlínte seo a leanas a ullmhú do Theachtaí Dála atá ag dul as oifig agus do Sheanadóirí atá ag fónamh sa cháil sin agus atá san iomaidh lena dtoghadh sa chéad Olltoghchán Dála eile ("Seanadóirí is iarrthóirí"). Is mar a leanas atá an fo-alt sin:

"4(A) Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann i ndáil le húsáid seirbhísí agus saoráidí a sholáthraítear as cistí poiblí tar éis lánscor ar Dháil Éireann, agus—

*(a)* féadfaidh sé seirbhísí agus saoráidí den sórt sin a sholáthar, agus

*(b)* sonróidh sé muirear cuí as úsáid den sórt sin ar shlí seachas i leith dualgas mar ionadaithe poiblí."

## Comhthéacs agus cur i bhfeidhm na dTreoirlínte seo

I Maidir leis an gcuid is mó de na liúntais agus de na saoráidí a chuirtear ar fáil do Theachtaí Dála agus iad ag fónamh sa cháil sin, scoirtear de bheith á soláthar nuair a lánscoirtear an Dáil – dá bhrí sin, baineann na treoirlínte seo go formhór leis an raon srianta seirbhísí agus saoráidí atá fós ar fáil tar éis an lánscoir, is é sin le rá, foireann rúnaíochta, úsáid trealamh oifige agus TFC, rochtain ar oifigí Theach Laighean agus úsáid saoráidí teileafóin, facs agus cóipeála i dTeach Laighean. Ina theannta sin, clúdaíonn na treoirlínte úsáid saoráidí a scoireann de bheith ar fáil tar éis an lánscoir agus ar féidir iad a choimeád lena n-úsáid tar éis an lánscoir, amhail ábhar a phriontáiltear i saoráid phriontála Theach Laighean, clúdaigh réamhíoctha agus stáiseanóireacht/tomhaltáin.

II Is é is cuspóir do na treoirlínte seo ná -

- a na seirbhísí agus na saoráidí a bheidh, nó nach mbeidh, á gcur ar fáil do Chomhaltaí tar éis lánscor na Dála a shainaithint agus Comhaltaí a chur ar an eolas ina leith sin; agus
- b léargas a thabhairt faoin tslí ina mbeidh ar Chomhaltaí úsáid seirbhísí agus saoráidí a sholáthraítear as cistí poiblí, seachas i leith dualgas mar ionadaí poiblí, a dheimhniú agus cúiteamh a thabhairt don Choimisiún ina leith sin.

III Tá sé tábhachtach aird ar leith a tharraingt ar an bhfreagracht atá ar Theachtaí Dála ar leithligh agus ar Sheanadóirí is iarrthóirí maidir le fanacht laistigh de na teorainneacha reachtúla caiteachais i ndáil le costais toghcháin. Ní faoi Choimisiún an Oireachtais atá sé comhairle a thabhairt do Chomhaltaí i dtaobh conas is ceart dóibh a n-oibleagáidí faoi rialuithe caiteachais toghcháin a chomhlíonadh. Is faoi Theachtaí Dála atá ag dul as oifig agus faoi Sheanadóirí atá ag fónamh sa cháil sin, mar iarrthóirí san Olltoghchán, agus faoina gcuid gníomhairí toghcháin faoi seach, atá sé a chinneadh cad iad na hoibleagáidí tuairiscithe atá acu faoin *Acht Toghcháin 1997*,

arna leasú, agus sin a dhéanamh de réir na dtreoirlínte don toghchán sin arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (CCOP) nó de réir comhairle a thugann an Coimisiún sin.

IV Is é is éifeacht do na breithiúnais ón gCúirt Uachtarach agus ón Ard-Chúirt i gcás Kelly ná nach mór, maidir le saoráidí agus seirbhísí iar-lánscoir, amhail na seirbhísí ar fad a sholáthraítear as cistí poiblí, cuntas a thabhairt ina leith laistigh de theorainn caiteachais toghcháin iarrthóra má úsáidtear iad chun críoch toghcháin. I dtaca leis sin de, is faoi CCOP atá sé, sa deireadh, comhairle a thabhairt d'iarrthóirí maidir le nithe ar ceart iad a áireamh mar nithe a úsáideadh chun críoch toghcháin.

V I gcás go mbeidh dúshlán dlíthiúil nó dúshláin dhlíthiúla ann i ndiaidh an Olltoghcháin, is ceart do Chomhaltaí a bheith ar an eolas go ndéanfar grinnscrúdú ar na hiarrthóirí go léir sa dáilcheantar nó sna dáilcheantair lena mbaineann an dúshlán.

## Treoirlínte

Prionsabal ginearálta

1 I bhfeidhmiú a chumhachtaí faoi alt 4(4A) de *na hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 go 2013*, tá cinneadh déanta ag Coimisiún an Oireachtais go bhféadfaidh Teachtaí Dála atá ag dul as oifig seirbhísí agus saoráidí, arna soláthar as cistí poiblí (de réir bhrí mhír 2 thíos) arna soláthar ag Coimisiún Thithe an Oireachtais sa tréimhse tar éis lánscor Dháil Éireann suas go dtí an lá vótaíochta ("tréimhse an toghcháin"), a úsáid chun freastal ar a ndualgais mar ionadaithe poiblí, amhail cás-obair leanúnach dáilcheantair de réir bhrí an mhínithe thíos. Ní bheidh aon mhuirear ann maidir le húsáid den sórt sin. Ach, i gcás seirbhísí agus saoráidí a sholáthraítear as cistí poiblí agus a úsáidtear chun críoch toghcháin, tagann siad faoi réir na muirear a thaispeántar ar leathanaigh 22 agus 23 de na Treoirlínte seo.

Seirbhísí agus saoráidí a sholáthraítear as cistí poiblí

2 Áirítear an méid seo a leanas i measc na seirbhísí agus na saoráidí a sholáthraítear as cistí poiblí

- cóiríocht i dTeach Laighean agus rochtain ar Theach Laighean;
- daoine foirne atá ar fostú faoin Scéim Cúnaimh Rúnaíochta cibé acu atá siad lonnaithe laistigh de Theach Laighean, nó lasmuigh de, i ndáil lena bhfostaíocht e.g. cúntóirí rúnaíochta agus, más infheidhme, cúntóirí parlaiminte;
- trealamh TFC agus trealamh eile oifige;
- saoráidí teileafóin i dTeach Laighean;
- saoráidí poist;
- fótachóipeáil;
- stáiseanóireacht/tomhaltáin; agus
- ábhar clóite arna mhaoiniú ag Coimisiún an Oireachtais.

Ní áiríonn na seirbhísí agus na saoráidí sin úsáid shaoráid clódóireachta Theach Laighean tar éis dháta an lánscoir. Ní bheidh an tsaoráid sin ar fáil, le linn thréimhse an toghcháin, do Theachtaí Dála atá ag dul as oifig (féach leathanach 9). Féadfaidh Seanadóirí leanúint de shaoráid clódóireachta Theach Laighean a úsáid le haghaidh gnáthchlódóireachta atá bainteach lena

ndualgais pharlaiminteacha sa Seanad ach ní fhéadfaidh siad an tsaoráid a úsáid chun críoch toghcháin atá bainteach leis an Olltoghchán.

Cásobair leanúnach dáilcheantair

3 Áiríonn cásobair leanúnach dáilcheantair gnó réasúnach dáilcheantair ach ní áiríonn sé obair uiríolla nua, i.e. ábhar nár ardaíodh leis an iarrthóir roimh an Olltoghchán agus a fhaigheann TD atá ag dul as oifig nó Seanadóir is iarrthóir le linn a bheith ag canbhasáil lena t(h)oghadh san Olltoghchán nó seirbhísí nó saoráidí a úsáideann iarrthóir i gcomhair aon chineáil cumarsáide neamhiarrtha chuig aon duine de na toghthóirí.

Úsáid seachas i leith dualgas mar ionadaí poiblí

4 I gcás go n-úsáideann TD atá ag dul as oifig nó Seanadóir is iarrthóir seirbhísí agus saoráidí arna soláthar as cistí poiblí le linn thréimhse an Olltoghcháin, seachas i leith dualgas mar ionadaí poiblí, íocfaidh an TD atá ag dul as oifig nó an Seanadóir is iarrthóir an muirear cuí don úsáid sin de réir mar a shonraíonn Coimisiún an Oireachtais (féach an sceideal muirear ar leathanaigh 22 agus 23 de na Treoirlínte seo).

Úsáid seirbhísí/saoráidí arna soláthar roimh an lánscor

5 Maidir le húsáid seirbhísí agus saoráidí chun críoch toghcháin, ar seirbhísí agus saoráidí iad arna soláthar roimh an lánscor, amhail an méid seo a leanas -

a ábhar priontáilte arna mhaoiniú ag Coimisiún an Oireachtais,

b clúdaigh réamhíoctha Thithe an Oireachtais, nó

c stáiseanóireacht nó tomhaltáin,

ní mór an úsáid sin a dhearbhú agus a dheimhniú do Choimisiún an Oireachtais agus ní mór an costas a aisíoc de réir an sceidil muirear atá leagtha amach ar leathanaigh 22 agus 23 de na Treoirlínte seo. Cabhróidh an míniú reachtúil ar “caiteachais toghcháin” atá leagtha amach in alt 31 den Acht Toghcháin 1997, arna leasú le hAchtanna 1998 agus 2001, le Comhaltaí le linn dóibh cinneadh a dhéanamh i dtaobh an úsáid de chineál toghcháin atá i gceist nó nach ea. Is ceart d'Airí agus d’Airí Stáit a bheith ar an eolas gur ceart dearbhuithe i leith ábhair arna sholáthar ag Tithe an Oireachtais a dhéanamh ar fhoirm dearbhaithe Thithe an Oireachtais (féach an Aguisín a ghabhann leis na Treoirlínte seo). Maidir le dearbhuithe a dhéanann Airí i leith saoráidí arna soláthar ag a máthair-Roinn, ní ceart tagairt a dhéanamh iontu ach amháin do shaoráidí arna soláthar amhlaidh ag an Roinn sin. I dtaca leis sin de, is ceart d’Airí agus d’Airí Stáit dhá dhearbhú a dhéanamh má úsáidtear saoráidí as leithroinntí ar leithligh.

Measúnacht ar na muirir atá le híoc

6 Déanfaidh gach TD ar leith atá ag dul as oifig, nó gach Seanadóir is iarrthóir, measúnacht ar na muirir a bheidh iníoctha le Coimisiún an Oireachtais, agus é bunaithe ar an gcéatadán dá (h)úsáid seirbhísí/saoráidí chun críoch seachas i leith dualgas mar ionadaí poiblí le linn thréimhse an toghcháin. Le linn an mheasúnacht sin a dhéanamh, is ceart aird a thabhairt ar an méid seo a leanas -

(1 An míniú ar “caiteachais toghcháin” mar atá leagtha amach in alt 31 den Acht Toghcháin 1997, arna leasú, agus sa sceideal a ghabhann leis an Acht sin, arna leasú; agus

(2 Na treoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir leis an Olltoghchán don 32ú Dáil.

Is ar gach TD ar leith atá ag dul as oifig, agus ar gach Seanadóir ar leith is iarrthóir, atá an fhreagracht as fiosrúcháin a dhéanamh, agus as taifid a choimeád, de réir mar is gá chun measúnacht ar na muirir atá iníoctha le Coimisiún an Oireachtais a chumasú.

7 Moltar do Theachtaí Dála atá ag dul as oifig, agus do Sheanadóirí is iarrthóirí, gur ceart dóibh féin, agus gur ceart dá ngníomhairí toghcháin, más cuí sin -

(1 socruithe a dhéanamh i ndáil le riaradh a n-oifige, agus

(2 treoracha a eisiúint chuig a bhfoireann

de réir mar is gá chun comhlíonadh na dtreoirlínte seo a chinntiú agus chun measúnacht ar na muirir a bheidh iníoctha le Coimisiún an Oireachtais a chumasú.

<u>Úsáid a dhearbhú agus muirir a íoc</u>

8 Tá foirm dearbhaithe ullmhaithe ag Coimisiún an Oireachtais maidir le húsáid seirbhísí agus saoráidí arna soláthar as chistí poiblí do gach Teachta Dála atá ag dul as oifig agus do Sheanadóirí is iarrthóirí agus tá an fhoirm sin ar fáil san Aguisín a ghabhann leis an Treoirlínte seo. Ní mór foirmeacha comhlánaithe, agus an íocaíocht chuí in éineacht leo, a bheith faighte a luaithe is féidir tar éis lá na vótaíochta agus, ar aon chuma, tráth nach déanaí ná 40 lá ó lá na vótaíochta.

9 Is ceart do Chomhaltaí a bheith ar an eolas freisin go bhfuil rochtain ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar na dearbhuithe arna ndéanamh ag Comhaltaí do Choimisiún an Oireachtais, ach iad a iarraidh, agus go bhféadfaidh CCOP soiléiriú a lorg más rud é nach ionann na dearbhuithe agus na dearbhuithe CCOP nach mór do Chomhaltaí a chomhlánú faoi fhorálacha *an Achta Toghcháin 1997*, arna leasú.

## An sceideal muirear arna shonrú ag Coimisiún an Oireachtais i ndáil le húsáid seirbhísí agus saoráidí tar éis lánscor Dháil Éireann

| | Saoráid nó seirbhís | Muirear cuí seachtainiúil |
|---|---|---|
| **1** | **Cóiríocht i dTeach Laighean** | TD atá ag dul as oifig = €190 sa tseachtain<br>Seanadóir is iarrthóir = €75 sa tseachtain |
| **2** | **Tuarastail foirne** | Déanfar tuarastail daoine foirne ar leithligh a chur in iúl trí litir chuig Comhaltaí ar leithligh<br><br>Nóta – Is é a bheidh sa raon dóchúil, ar bhonn olltuarastail móide ÁSPC fostóirí de réir 10.7%, ná íosmhéid €491 agus uasmhéid €949 sa tseachtain i gcás cúntóra rúnaíochta, agus íosmhéid €872 agus uasmhéid €1,108 sa tseachtain i gcás cúntóra parlaiminte. |
| **3(1)** | **Trealamh TFC agus trealamh eile oifige** | TD atá ag dul as oifig = €235 sa tseachtain<br>Seanadóir is iarrthóir = €167 sa tseachtain |

| | | |
|---|---|---|
| **3(2)** | [2]**Trealamh TFC a bhogadh tar éis dháta an lánscoir** | €195 agus suas go €350 as athchumraíocht |
| **4** | **Saoráidí teileafóin i dTeach Laighean** | Gearrfar muirear ar Chomhaltaí i gcomhréir leis na glaonna a dhéantar |
| **5** | **Saoráidí poist**<br>**(clúdaigh réamhíoctha)** | Clúdach mór A4 [suas go 250g] = €1.65<br>Clúdach caighdeánach DL [suas go 100g] = €0.66 |
| ***6** | **Fótachóipeáil** | Costas in aghaidh 1000 cóip (páipéar san áireamh) = €18.39 |
| **7** | **Stáiseanóireacht/tomhaltáin** | Páipéar A4 in aghaidh 2000 (bosca) = €12.87<br>Páipéar A3 in aghaidh 500 (réam) = €5.03<br>Clúdaigh bhána DL 500 (lógó) = €9.82<br>A4 Donn (lógó) 250 = €17.17 |
| ****8** | **Ábhar priontáilte arna mhaoiniú ag Coimisiún an Oireachtais** | Costáil tháscach gan CBL a áireamh:<br>Nuachtlitir 4 leathanach faoi 30,000 = €1,350<br>Cártaí DL 2 thaobh faoi 30,000 = €490<br>Cártaí A6 2 thaobh faoi 30,000 = €430<br>Páipéar Ceannchlóite A4 faoi 30,000 = €530 |

*Is féidir leis an Aonad Bainistíochta Saoráidí praghsáil nach dtaispeántar sa tábla seo a sholáthar

**Is féidir leis an Aonad Priontála praghsáil a sholáthar do Theachtaí Dála atá ag dul as oifig agus do Sheanadóirí is iarrthóirí i ndáil le cainníochtaí seachas na cinn atá luaite thuas

[2] Féach Roinn C, Leathanaigh 10 agus 12. De bhreis air sin, níl feidhm ag muirear €195 ach amháin i gcás go gcailltear an chéad choinne maidir le bailiú trealaimh ó Chomhaltaí nach dtoghtar arís.

# ROINN G

## Treoirlínte maidir le cóiríocht a thabhairt do Chomhaltaí

1 Tuigtear go bhféadfadh sé go mbeidh roinnt ama ag teastáil ó iar-Chomhaltaí chun a n-oifigí a fhágáil ós rud é go gceadaíonn an Coimisiún dóibh oifigí a úsáid le linn tréimhse toghcháin.

2 Tar éis an toghchán a bheith ann, áfach, is ceart tús áite a thabhairt do na Comhaltaí nua-thofa. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach agus aird a thabhairt ar an ngá le gnóthaí iar-Chomhaltaí a éascú agus, ag an am céanna, tús áite na gComhaltaí tofa a chur san áireamh – féach mír 3 thíos.

### Seomraí a fhágáil

3 Tá an méid seo a leanas ceadaithe ag an gCoimisiún mar spriocamanna i gcomhair fágáil oifigí a chur i gcrích:

- Comhalta atá ag dul ar scor – 1 seachtain tar éis lá na vótaíochta
- Comhalta nach dtoghtar arís – 2 sheachtain tar éis lá na vótaíochta (*Nóta – tá feidhm ag an spriocam seo freisin maidir le Comhaltaí nár toghadh don Dáil agus atá san iomaidh sna toghcháin Seanaid. Tá feidhm ag spriocam níos giorra ná sin i gcás Comhaltaí atá ag dul ar scor ar an mbonn go bhfuil fógra faighte acu maidir lena gcuid oifigí a fhágáil ach nach bhfuil fógra den sórt sin ag Comhaltaí nach dtoghtar arís).*

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís oifig a bheith leithroinnt do gach Comhalta de Thithe an Oireachtais faoin gcéad lá suí tar éis gach Olltoghcháin.

4 Chun na spriocamanna thuasluaite a bhaint amach, is é seo an beartas atá ag an gCoimisiún:

(1 Ní mór do gach Comhalta a bheidh réidh chun bogadh nuair a ghairtear toghchán. D’fhéadfadh sé go mbeidh feidhm ag an gceanglas maidir le hoifig a fhágáil maidir le Comhaltaí a thoghtar arís i gcás go dtagann athrú ar neart an pháirtí lena mbaineann. Déanfaidh Oifig an Mhaoirseora gnóthaí Comhaltaí a éascú trí bhoscaí pacála a sholáthar. Déanfaidh Oifig an Mhaoirseora comhairle a sholáthar freisin maidir le suíomh agus costas stórála ar shiúl ón láithreán, más gá sin.

(2 Déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó trí Oifig an Mhaoirseora, fágáil phras oifige a fhorfheidhmiú de réir na spriocamanna atá leagtha amach i bpointe 3 thuas.

5 I gcás deacrachta maidir le forfheidhmiú na dtreoirlínte, cuirfidh an Maoirseoir an t-ábhar faoi bhráid an Chinn Comhairle agus déanfaidh an Ceann Comhairle cinneadh faoin ábhar ina cháil mar Chathaoirleach an Choimisiúin. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Chinn Comhairle.

## Nóta faoi róil agus faoi fhreagrachtaí i ndáil le leithroinnt seomraí:

***Coimisiún Thithe an Oireachtais:*** Tá feidhm reachtúil ag an gCoimisiún maidir le treoirlínte a ullmhú do Chomhaltaí i ndáil le húsáid saoráidí a mhaoinítear as cistí poiblí tar éis lánscor Dháil Éireann, agus áiríonn sé sin muirir a shonrú i leith na húsáide sin. Tagann cóiríocht oifige faoi réim na feidhme reachtúla sin. Sna treoirlínte a chomhaontaigh an Coimisiún don tréimhse tar éis lánscor an 30ú Dáil, sonraíodh muirir a bheadh le cur i bhfeidhm sa tréimhse suas go dtí lá na vótaíochta san Olltoghchán Dála. Dá bhrí sin, tá ról soiléir ag an gCoimisiún maidir le treoir a thabhairt agus maidir lena chinntiú go bhfuil an t-ábhar seo soiléir a mhéid a bhaineann sé le húsáid saoráidí ag iar-Chomhaltaí agus cothromaíocht a bhaint amach idir sin agus ionchas dlisteanach agus teidlíocht Comhaltaí nua-thofa i leith cóiríocht a fháil laistigh de thréimhse réasúnach tar éis iad a thoghadh.

***Aoirí Páirtithe:*** Is faoin bPríomh-Aoire atá sé, tar éis comhaontú a dhéanamh le hAoirí na bPáirtithe eile, spás oifige a shannadh agus tá an sannadh sin bunaithe ar neart gach páirtí ar leith a thoghtar do na Tithe. Nuair a bhaintear comhaontú amach faoi oll-leithroinnt spáis chuig gach páirtí ar leith, déanann na hAoirí ar leithligh na hoifigí a leithroinnt laistigh dá gcuid páirtithe féin. Déanann siad amhlaidh le cúnamh óna gcuid Riarthóirí Páirtí féin. Tá 'an t-eolas áitiúil' faoi riachtanais agus roghanna na gComhaltaí maidir le cóiríocht, agus faoi shocruithe inmheánacha páirtí, le fáil laistigh de na páirtithe iad féin.

***Oifig an Mhaoirseora:*** Tugann an oifig sin tacaíocht don Choimisiún le linn a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhall agus, ina theannta sin, soláthraíonn sí faisnéis do na hAoirí Páirtí agus do Riarthóirí maidir le méid agus suíomh oifigí agus áitíocht ag na páirtithe roimh an toghchán. Chomh maith leis sin, cuireann an oifig seo aistrithe i bhfeidhm nuair atá siad comhaontaithe ag na hAoirí. Nuair a iarrtar amhlaidh, is féidir leis an oifig comhairle a sholáthar faoi réitigh féideartha cóiríochta ach déantar na cinntí agus na comhaontuithe críochnaitheacha i measc na bPáirtithe.

***Déan teagmháil le Michael O'Brien ag 01 6184814.***

# ROINN H

## Teagmhálacha Foirne

| | | |
|---|---|---|
| **Tuarastail, Liúntais, Teidlíochtaí agus Scéimeanna Saorálacha** | | |
| | Paula Cowan | Teil: 6184693 |
| | Maureen Kilkenny | 6184678 |
| | Colm Kennedy | 6184804 |
| | Aoife Byrne | 6183729 |
| **Íocaíochtaí pinsin agus íocaíochtaí foirceanta** | Derek Walker | Teil: 6184672 |
| **Cúntóirí Rúnaíochta agus Parlaiminte** | Fionnuala Bourke | Teil: 6183276 |
| **Stórais Stáiseanóireachta** | David Wheatley | Teil: 6183117 |
| **Clúdaigh réamhíoctha** | Celine McMahon | Teil: 6184817 |
| **Saoráidí Poist** | Oifig na bhFiosrúchán (David Pierce/Alan Ruane) | Teil: 6183243 |
| **Saoráidí/Cóiríocht Oifige** | Michael O'Brien | Teil: 6184814 |
| **TFC** (trealamh a thabhairt ar ais) | Michelle Conville | Teil: 6184772 |
| **Teileafóin** (chun socrú a dhéanamh maidir le glaonna a chur ar aghaidh chuig uimhreacha seachtracha) | Deasc Chabhrach | Teil: 6184002 |
| **Leathanbhanda** (chun socrú a dhéanamh maidir le dícheangal nó maidir le hathrú ainm) | Karen O'Callaghan | Teil: 6184769 |
| **Fiosrúcháin Ghinearálta TFC** | Jenny McKell | Teil: 6184763 |
| **Nithe a bhaineann le Cosaint Sonraí** | Charles Hearne | Teil: 6183113 |
| **VHI** | Anne-Marie Buckley | Teil: 021-4906637 |
| **Willis [árachas etc]** | Tom Menton | Teil: 6326979 |
| **An tSeirbhís Leabharlainne agus Taighde** | Madelaine Dennison | Teil: 6184735 |
| **An tSaoráid Phriontála** | Richie Roe | Teil: 6183026 |

**AGUISÍN - Foirm Dearbhaithe maidir le húsáid seirbhísí agus saoráidí a sholáthraítear as cistí poiblí tar éis lánscor Dháil Éireann**

| **Dearbhú maidir le húsáid seirbhísí agus saoráidí a sholáthraítear as cistí poiblí tar éis lánscor Dháil Éireann**<br><br>**Alt 4(4A) – Na hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 go 2009**<br><br>**OLLTOGHCHÁN DON 32Ú DÁIL** |
|---|

**Iarrtar ort na nótaí faisnéise atá curtha ar fáil a léamh sula gcomhlánaítear an fhoirm seo**
**Ainm [*bloclitreacha*]: _______________________________________________**
**Seoladh:___________________________________________________________**
**An méid iomlán atá iníoctha le Coimisiún an Oireachtais [faoi iamh]: €___________**
Nóta – ní mór an fhoirm dearbhaithe seo, agus an íocaíocht chuí, más infheidhme, in éineacht léi, a bheith faighte ag Coimisiún an Oireachtais tráth nach déanaí ná 40 lá ó lá na vótaíochta. Is ceart seiceanna a dhéanamh iníoctha le Coimisiún Thithe an Oireachtais

| **Tag** | **Saoráid/seirbhís** | **(1)**<br>**Muirear iomlán cuí**<br>[In aghaidh na seachtaine] | **(2)**<br>**% den úsáid seachas i leith dualgas mar ionadaí poiblí** | **(3)**<br>**An muirear iarbhír atá iníoctha ar bhonn cholún (1) agus (2)**<br>[*féach nóta 4*] |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **Cóiríocht i dTeach Laighean** | TD atá ag dul as oifig = €190 sa tseachtain<br>Seanadóir is iarrthóir = €75 sa tseachtain | | |
| **2** | **Tuarastail foirne**<br>• **Cúntóir rúnaíochta**<br>• **cúntóir parlaiminte** | Déanfar tuarastail daoine foirne ar leithligh a chur in iúl trí litir chuig Comhaltaí ar leithligh roimh an lánscor<br>Nóta – Is é a bheidh sa raon dóchúil, ar bhonn olltuarastail móide ÁSPC fostóirí de réir 10.7%, ná íosmhéid €491 agus uasmhéid €949 sa tseachtain i gcás Cúntóra Rúnaíochta, agus íosmhéid €872 agus uasmhéid €1,108 sa tseachtain i gcás Cúntóra Parlaiminte | | |
| **3** | **Trealamh TFC agus trealamh eile oifige** | TD atá ag dul as oifig = €235 sa tseachtain<br>Seanadóir is iarrthóir = €167 sa tseachtain<br>Trealamh TFC a bhogadh tar éis dháta an lánscoir = €195 agus suas go €350 as athchumraíocht | | |
| **4** | **Saoráidí teileafóin i dTeach Laighean** | Gearrfar muirear ar Chomhaltaí i gcomhréir leis na glaonna a dhéantar | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **Saoráidí Poist**<br><br>**(clúdaigh réamhíoctha)** | Clúdach mór A4 [suas go 250g] = €1.65<br><br>Clúdach caighdeánach DL [suas go 100 g] = €0.66 | | |
| **6.** | **Fótachóipeáil** | Costas in aghaidh 1000 cóip (páipéar san áireamh) = €18.39 | | |
| **7.** | **Stáiseanóireacht/tomhaltáin** | Páipéar A4 in aghaidh 2000 (bosca) = €12.87<br><br>Páipéar A3 in aghaidh 500 (réam) = €5.03<br><br>Clúdaigh bhána DL 500 = €9.82<br><br>A4 Donn (lógó) 250 = €17.17 | | |
| **8.** | **Ábhar priontáilte arna mhaoiniú ag Coimisiún an Oireachtais** | Costáil tháscach (gan CBL a áireamh):<br><br>Nuachtlitir 4 leathanach faoi 30,000 = €1,350<br><br>Cártaí DL 2 thaobh faoi 30,000 = €490<br><br>Cártaí A6 2 thaobh faoi 30,000 = €430<br><br>Páipéar Ceannchlóite A4 faoi 30,000 = €530 | | |

**De réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, tá an dearbhú thuas ceart i ngach ponc ábhartha agus rinne mé gach beart réasúnach chun bheith sásta faoina chruinneas.**

Síniú: …………………………………………………

Dáta: …………………………………………………